



**An Roinn Leanaí
agus Gnóthaí Óige**
Department of Children
and Youth Affairs

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Tá an tuarascáil seo tiomnaithe d'obair agus do chuimhne ár gcomhghleacaithe dile Freida Delaney, Seirbhís Ceartais Óige na hÉireann agus Ger Banville, an tAonad Airgeadais. Suaimhneas síoraí dá n-anam.

Clár	Leathanach
1. Réamhrá ón Aire	4
2. Brollach ón Ard-Rúnaí	6
3. Cé muidne agus cad é a dhéanaimid	8
Cuid 1: Forléargas	
(i) Cuspóirí Straitéiseacha	9
(ii) Súil Siar ar 2018	11
Cuid 2: Dul Chun Cinn in 2018	
(i) Airgeadas	15
(ii) Clár A: Tacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh	16
(iii) Clár B: Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an Aosa Óig	28
(iv) Clár C: Polasaí agus Reachtaíocht	43

Appendices

I. Dualgas na hEarnála Poiblí	55
II. Foilseacháin 2018	56
III. Achoimre ar Úsáid Fuinnimh in 2018	59
IV. An Bord Bainistíochta	60
V. Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne	61



RÉAMHRÁ ÓN AIRE

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an seachtú Tuarascáil Bhliantúil foilsithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sa tuarascáil seo, leagtar amach an dul chun cinn atá déanta i ngach réimse de dhualgais na Roinne in 2018.

Ba mhór an phribhléid domsa ó ceapadh mé mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2016 feidhmiú in éineacht le hArd-Rúnaí agus le foireann na Roinne chun an fhís atá againn do threo na Roinne agus dá hobair amach anseo a leagan amach. Is léiriú an fhís sin ar ár dtiomantas go gcomhlíonfar príomhghéalltanais Chlár an Rialtais agus Ráiteas Straitéiseach na Roinne.

Leanfaimid le clár gnó dúshlánach agus uaillmhianach a leagan amach dúinn féin, agus fíorfheabhsaithe seirbhíse a chur i gcrích mar chuspóir aige agus, mar thoradh ar sin, cáilíocht saolta na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil ár gcúnamh agus tacaíocht de dhíth orthu a fheabhsú chomh maith.

Tá an t-ádh orm go bhfuil tacaíocht an Rialtais agam agus ár gcuspóirí beartais sinn á mbaint amach. Is ionann foráil Vóta 2018 os cionn € 1.38 billiún agus méadú € 92 milliún ar an mbliain roimhe. Cuimsíonn sé acmhainní breise suntasacha do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus i dtacaíochtaí cúraim leanaí.

In 2018, bhaineamar amach raon cuimsitheach de thionscnaimh reachtacha agus bheartais. Ba cheann de na gnéithe ba shuntasáí í réimse na Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim Leanaí in Aois Scoile, nuair a achtaíodh an tAcht Tacaíochta Cúram Leanaí i mí Iúil 2018. Den chéad uair i stair an Stáit, tá tacaíocht don Luathfhoghlaim agus don Chúram agus don Chúram Leanaí um Aois Scoile curtha ar bhonn reachtúil.

I mí na Nollag, shínigh mé an *tOrdú um an Acht um Chúram Leanaí 2018 (Tosach Feidhme) 2018 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí in Aois Scoile) 2018*, ag cur ar chumas seirbhísí Cúram Leanaí um Aois Scoile clárú agus páirt a ghlacadh An Scéim Náisiúnta nua um Chúram Leanaí. I measc na bpríomhthionscnamh reachtaíochta eile bhí obair ar an mBille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), a bhfuil sé mar aidhm agam é a achtú go luath. Cruthóidh an reachtaíocht seo, ceart reachtúil

do theastas breithe agus faisnéis áirithe eile den chéad uair do dhaoine agus do dhaoine uchtaithe a bhí ina n-ábhar do chlárú breithe míchruinne nuair a achtófar í.

D'fhoilsíomar roinnt straitéisí tábhachtacha freisin, lena n-áirítear LGBTI + Straitéis Náisiúnta don Óige 2018-2020 i mí an Mheithimh 2018. Ba rud nua an Straitéis seo a d'Éirinn agus don domhan agus bhí tuairimí na mílte duine óg agus tuairimí na ndaoine a bhíonn ag obair leo agus thar a gceann ina mbonn eolais ar an straitéis seo. I mí na Samhna 2018, nocht an Rialtas 'An Chéad 5', an chéad straitéis tras-Rannach riamh in Éirinn chun tacú le leanaí, le leanaí óga agus lena dteaghlaigh. Bhí mé bródúil as ucht a bheith i gceannas ar an dá straitéis an-tábhachtach seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair déanta ag foireann na Roinne agus ag daoine eile ar fud na hearnála i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann Tusla, le hÚdarás Uchtála na hÉireann agus le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh as a dtiomantas do na leanaí agus do na daoine óga is mó a dteastaíonn a dtacaíocht uathu. In éineacht le daoine agus eagraíochtaí eile san earnáil, bíodh siad reachtúil, príobháideach nó deonach, is féidir linn oibriú i dtreo Éire níos fearr a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga chun iad a fhás agus a fhorbairt.

An Dr. Katherine Zappone TD
An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige



BROLLACH ÓN ARD-RÚNAÍ

Tá áthas orm ár dTuarascáil Bhliantúil do 2018 a chlúdaíonn an seachtú bliain iomlán d'obair na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a chur faoi bhur mbráid. Foilsítear í de réir alt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Bliain an-ghnóthach eile a bhí ann, ina oibríomar go dian chun na tosaíochtaí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2016-2019 a chur i bhfeidhm. Bhíomar gnóthach le gach gné dár sainchúraim, idir chosaint agus leas leanaí, tacaíochtaí cúraim leanaí don Luathfhoghlaim agus do Chúram agus Cúram Leanaí um Aois Scoile, seirbhísí óige agus na saincheisteanna deacra stairiúla ón am na tíre atá thart. Mar shampla:

- d'fhoilsíomar an straitéis don luath-óige a bhí geallta againn, *An Chéad 5 - Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, do Leanaí Óga agus dá dTeaghlaigh*;
- d'fhoilsíomar ár Straitéis LGBTI + don Óige;
- rinneamar urraíocht ar achtú an Achta um Thacaíocht Chúram Leanaí 2018 agus leanamar le mionobair na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí a chuirfear i bhfeidhm níos déanaí i mbliana;
- d'oibríomar go dlúth le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar raon beart cosanta agus leasa leanaí, agus thacaíomar le leathadh amach iomlán an Chórais Náisiúnta Faisnéise um Chúram Leanaí;
- chríochnaíomar an t-aistriú ABC chuig Seirbhísí Coisc, Tuismitheoireachta agus Tacaíochta do Theaghlaigh Tusla (PPFS);
- d'fhorbraíomar clár gníomhaíochta chun déileáil go híogair le hiarsmaí daonna a adhlacadh ag suíomh Áras na Máithreacha agus na Naíonán i dTuaim;
- d'oibríomar go dlúth le Ranna Rialtais eile agus le gníomhaireachtaí eile ar roinnt saincheisteanna tras-Rialtais, agus d'fhoilsíomar athbhreithniú meántéarmach ar ár straitéis uileghabhálach sa réimse seo *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*;
- leanamar ar aghaidh le cur i bhfeidhm na Samhla Rochtana agus Cuimsithe (AIM) lena bhain an Roinn Gradam Feabhais na Státseirbhíse um Thionchar ar Shaoránaigh amach;
- rinneamar breis oibre chun an córas deontas óige a chuíchóiriú agus chun Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg a leathadh amach;
- rinneamar anailís ar impleachtaí féideartha Brexit dár n-earnáil lena chinntiú go ndéanfaimid gach beart atá riachtanach; agus

- d'oibríomar chun déileáil le teacht chun cinn fianaise ar chlárú neamhdhleathach breitheanna.

Níl iontu seo ach cuid de na rudaí a rinneamar in 2018, nuair a bhogamar suíomh thar deireadh sheachtain amháin agus an phleanáil agus an ghné lóistíochta go léir a bhí i gceist leis seo. Tá cur síos i bhfad níos iomláine déanta sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar na saincheisteanna iomadúla a phléamar leo i rith na bliana.

Gabhaim buíochas le comhghleacaithe i Ranna Rialtais, i ngníomhaireachtaí agus in earnáil na leanaí i gcoitinne as a gcomhoibriú agus as a dtacaíocht leanúnach. Tá ár gcuid oibre leo ríthábhachtach maidir le caidrimh éifeachtacha a chruthú, rud a chuidíonn linn beartais, atá deartha le tacú lenár leanaí, lenár ndaoine óga agus lenár dteaghlaigh, a fhorbairt agus a sheachadadh.

Leanaimid orainn ag obair go dlúth lenár nAire, an Dr Katherine Zappone TD, agus chun na gealltanais atá tugtha sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta a chur chun cinn.

Mar is iondúil, is údar bróid dom mo bhuíochas a ghabháil le foireann na Roinne a oibríonn gach lá ar go leor bealaí éagsúla chun cabhrú le torthaí do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn a fheabhsú. Leanfaimid leis an gclár forbartha agus athchóirithe uailmhianach nach bhféadfaí é a bhaint amach gan iad.

Fergal Lynch
Ard-Runaí

Cé Muidne agus Cad é a Dhéanaimid

Sainchúram

Is í príomhfheidhm na Roinne seo ná creatlach comhtháite a chur i bhfeidhm chun polasaithe, reachtaíocht agus soláthar seirbhíse a chur ar fáil do leanaí agus don aos óg.

Cuireann sé sin béim ar cheisteanna polasaithe a chomhoiriúnú a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus ar dhaoine óga i réimsí ar nós chúram agus oideachas na luath-óige, chearta don aois óg, leanaí faoi chúram, leasa agus chosaint leanaí, uchtuithe, tacaíochta teaghlaigh, rannpháirteachas leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus ar dhaoine óga, oibre don ógra agus tionscnaimh idir-earnála do leanaí.

Sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020 'Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile' leagtar amach an comhthéacs don obair a dhéanaimid chomh maith leis an gclár oibre chun

Ár Misean - Cad is cúis linn

Ceannaireacht a chur ar fáil don iarracht chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.

An fhís atá againn – Cad é ar mhaith linn a bhaint amach

Is í an fhís atá againn ná go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar domhan chun a bheith óg inti agus chun to dtugtar aird agus meas ar chearta gach uile leanbh agus duine óg, ina dtugtar cosaint agus sásamh do na leanaí agus do na dtuairimí agus ina dtugtar

An fhís atá againn – Cad é ar mhaith linn a bhaint amach

Go gcuirfear Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile i bhfeidhm

Go mbeidh rochtain mhaith ar chúram agus ar oideachas na luathbhlianta agus go mbeidh sé inacmhainne

Go mbeidh na córais leasa leanaí agus na córais cosanta leanaí éifeachtach agus freagrach

Go gcuirfear polasaithe bunaithe ar fhianaise chun cinn, go dtugtar tacaíocht dá leithéid de pholasaithe agus go nglacfaidh leanaí agus daoine óga páirt i gcinntí a dhéanamh a mbeidh toradh acu ar a saol.

Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeán i gcomhlíonadh rialuithe agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad

Go bhfeabhsófar an feidhmiú trí ailíniú éifeachtach d'acmhainní a chur i bhfeidhm

Ár luachanna, ár Nósanna & ár gCultúr

Cuirimid leanaí, daoine óga agus teaghlaigh i gcroílár an obair a dhéanaimid, agus ag croílár na forbartha polasaithe agus an tsoláthair seirbhíse chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

Is mór dúinn na baill foirne atá againn agus déanaimid iarracht timpeallacht a chruthú ina féidir leo foghlaim, forbairt agus cur le spriocanna na heagraíochta

Cuirimid áit lárnach do thorthaí do leanaí agus daoine óga bunaithe ar fhianaise inár bpolasaí agus i soláthar seirbhíse.

Tacaímid an cur chuige bunaithe ar an luathchosc agus ar an luath-idirghabháil.

Is mian linn a bheith nuálach agus comhoibriú le ranna, gníomhaireachtaí agus le hearnálacha eile.

Táimid freagrach, toilteanach athrú, dírithe ar an gcustaiméir agus bímid measúil inár n-idirchaidrimh leis an bpobal agus lenár gcomhghleacaithe oibre.

Tugaimid suntas don dualgas atá ann chun cinntiú go ndéanaimid ár gcuid oibre le cur chuige lena n-aithnítear cearta an duine agus an comhionannas.

Cuid 1 - Forléargas

1. Cuspóirí Straitéiseacha:

Cuireann ár Ráiteas Straitéise 2016-2019 bonn taca faoi obair na Roinne ina bhfuil na sé Chuspóir Straitéiseacha seo a leanas le fáil ann:

- ***Go gcuirfear Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile i bhfeidhm***

Comhlíonann foilsíú An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Páistí Óga agus a dTeaghlaigh, geallúint lárnach i Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile agus ba mhór an chloch mhíle é i bhforbairt beartais do na baill is óige sa tsochaí.

- ***Go mbeidh rochtain ar chúram agus ar oideachas na luathbhlianta agus ar Chúram Leanaí in Aois Scoile atá ar ardchaighdeán agus go mbeidh sé inacmhainne***

- *Ba é achtú an Achta um Thacaíocht Chúram Leanaí i mí Iúil 2018, an chéad uair a cuireadh córas tacaíochta don Luathfhoghlaim agus Chúram agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile ar bhonn reachtúil sa tír seo.*

- ***Go mbeidh na córais leasa leanaí agus na córais cosanta leanaí éifeachtach agus freagrach***

- *Le linn 2018, thug an Roinn faoi obair shuntasach maidir le raon an athbhreithnithe ar an Acht um Chúram Leanaí 1991.*

- ***Go cuirfear polasaithe bunaithe ar fhianaise chun cinn, go dtugtar tacaíocht dá leithéid de pholasaithe agus go nglacfaidh leanaí agus daoine óga páirt i gcinntí a dhéanamh a mbeidh toradh acu ar a saol.***

- *I rith 2018, d'fhoilsigh an Roinn an Straitéis LGBTI + Náisiúnta don Óige 2018-2020. Is rud nua in Éireann agus sa domhan í an straitéis agus bhí tuairimí na mílte daoine óga agus na ndaoine a oibríonn leo agus ar a son ina mbonn eolais don Straitéis.*

- *Lean an Roinn freisin ag bainistiú agus Ag Fás Aníos in Éirinn: an Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí agus á chur chun cinn*

- ***Go dtabharfar tacaíocht d'ardchaighdeáin i gcomhlíonadh rialuithe agus freagrachta agus go bhforfheidhmeofar iad.***

- *Iln 2018 riamar go rathúil na scéimeanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Chúram Leanaí in Aois Scoile. Rinneadh na rialacha a rialaíonn na scéimeanna a athbhreithniú chun rialachas a fheabhsú agus chun soiléireacht níos fearr a thabhairt do sholáthraithe maidir ceisteanna comhlíonta.*

- *Leanadh ar aghaidh freisin le hobair ar na Treoirlínte Beartais mionsonraithe agus ar Chreat Rialachais críochnúil don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanáí.*
- ***Go bhfeabhsófar an feidhmiú trí ailíniú éifeachtach d'acmhainní a ailíniú go héifeachtach***
 - *I rith 2018, d'earcaigh an Roinn 55 ball foirne nua, a chuimsíonn thart ar 20% d'fhostaithe aa Roinne. Fuair 13 fostaí nó 5% den fhoireann go léir ardú céime trí chomórtais inmheánacha nó seachtracha. Cuireadh roinnt comórtas earcaíochta seachtrach speisialaithe i gcrích freisin chun cur le raon scileanna na Roinne.*

Súil Siar ar 2018

I measc bhuaicphointí 2018 tá:

I mí **Eanáir**, d'fhógair an tAire Zappone maoiniú de € 3.2 milliún don chuid is nuáí sa tsraith tacaíochtaí réamhscoile do leanaí atá faoi mhíchumas atá ar fáil faoin Samhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM). Is éard atá i gceist le AIM Súgradh Cuimsitheach ná sraith acmhainní a thacóidh le cleachtas cuimsitheach i suíomhanna réamhscoile. Tacaíonn na hacmhainní seo, lena n-áirítear trealamh, bréagáin agus ábhair, le forbairt na scileanna comhordaithe agus closamhairc, agus scileanna amhairc agus tadhlacha i measc na leanaí go léir, agus go háirithe scileanna atá leanaí faoi mhíchumas.

I mí **Feabhra**, d'fhógair an tAire go bhfoilseofaí treoirlínte maidir le hiarratais ar na cláir Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim Leanaí in Aois Scoile. Tugadh na treoirlínte seo isteach chun cabhrú le soláthraithe a n-iarratais ar mhaoiniú caipitil a dhéanamh.

Fuair an tAire ceadú ón Rialtas an 22 Feabhra do Scéim Ghinearálta athbhreithnithe don Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2018 (socruithe caomhnóra ad litem). Is léiriú í an Scéim Ghinearálta ar chinneadh an Rialtais i mí na Nollag 2017 go mbunófaí seirbhís nua Caomhnóir ad litem laistigh d'oifig feidhmiúcháin dá Roinn. Thug sé aghaidh freisin ar mholtaí an Chomhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir leis an Scéim Ghinearálta roimhe seo.

D'fhógair an tAire freisin gur tháinig an Roinn, Tusla agus an INMO (a dhéanann ionadaíocht ar Altraí Sláinte Poiblí) ar chomhaontú sa Chúirt Oibreachais maidir le hearcú Cigirí na Luathbhlianta (EY) laistigh de Tusla amach anseo. Roimhe seo, b'éigean d'iarrthóirí ar phoist Chigire EY iad féin a chlárú mar Altra Sláinte Poiblí agus cáilíocht Leibhéal 9 Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (Leibhéal Máistreacht) a bheith acu. Ligeann moladh na Cúirte Oibreachais do ghairmeacha éagsúla iarratas a dhéanamh ar na poist seo, lena n-áirítear céimithe nua ó Oideachas agus Cúram Luath-Óige, chomh maith le hiarrthóirí a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha acu i gcúram sóisialta, obair shóisialta, síceolaíocht agus oideachas.

I mí an **Mhárta**, d'fhógair an tAire Zappone go raibh suas le 1,200 áit oiliúna saor in aisce ar fáil do chleachtóirí réamhscoile chun a chinntiú go bhfuil a gcuid seirbhísí réamhscoile saor in aisce ionchuimsitheach agus inrochtana do leanaí faoi mhíchumas.

D'fhógair an tAire sonraí an Phainéil Roghnúcháin freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar cheapacháin an Fhórait Chomhoibrithigh d'iar-chónaitheoirí na dTithe Máithreacha agus Leanaí.

Dheimhnigh an tAire go raibh maoiniú €620,000 á chur ar fáil do 31 Údarás Áitiúil chun a chinntiú go n-éistoidh siad le guthanna óga na bpobal a bhfónann siad dóibh.

I mí **Aibreáin**, sheol an tAire ciste nua €2m chun tacú le tograí ceannródaíocha agus nua chun tacú le daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste. Bhí an ciste seo oscailte d'eagraíochtaí pobail, deonacha agus neamhbhrabúis a léiríonn nuálaíocht i seirbhísí coisc agus luath-idirghabhála do leanaí agus do dhaoine óga.

D'fhógair an tAire Zappone freisin go mbeadh méadú 13% ar an maoiniú don Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla in 2018. Leis seo méadaíodh an leithdháileadh go €1.79m agus is éard a bhí i gceist ná cumas breise a thabhairt do chlubanna óige faoi stiúir oibríthe deonacha freastal ar níos mó daoine óga le linn 2018.

Chomh maith leis sin d'fhógair an tAire scéim deontais chaipitil €2m do thionscadail agus do sheirbhísí óige spriocdhíríthe ar fud na tíre atá stiúrtha ag bail foirne. Chuirfeadh an Scéim seo maoiniú ar fáil chun trealamh a cheannach agus chun miontionscadail a chur i bhfeidhm ina measc seomraí folctha agus uasghrádú cistineacha i seirbhísí óige.

I mí na **Bealtaine**, d'fhógair an tAire Zappone go mbronnfaí maoiniú caipitil iomlán €6.87m ar sholáthraithe Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúram Leanaí in Aois Scoile. Cuireadh an maoiniú ar fáil chun áiteanna nua, áiteanna súgartha nádúrtha lasmuigh a chruthú agus chun seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin riachtanacha ar fud na tíre a chur i bhfeidhm.

I mí an **Mheithimh**, sheol an tAire an Straitéis LGBTI + Náisiúnta don Óige 2018-2020. Is í an Straitéis seo an chéad straitéis dá leithéid in Éirinn agus sa domhan agus bhí tuairimí na mílte duine óga agus na ndaoine a oibríonn leo agus ar a son ina mbonn eolais don Straitéis.

D'fhógair an tAire freisin na chéad chéimeanna eile a bhí le glacadh aici chun an Bille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2016 a chur chun cinn. Cruthóidh an reachtaíocht ceart reachtúil ar dheimhniú breithe agus ar eolas eile den chéad uair do dhaoine uchtaithe agus do dhaoine a ndearnadh clárú breithe mícheart ina leith.

D'fhógair an tAire freisin gur bronnadh os cionn €2m ar 51 eagraíocht ar fud na tíre a bhfuil tionscadail éagsúla agus nuálacha á gcur i bhfeidhm acu, iad dírithe ar shaol leanaí, daoine óga agus a dteaghlach i bpobail áitiúla agus go náisiúnta a fheabhsú.

I mí **Iúil**, d'fhógair an tAire maoiniú do thionscadail súgartha agus áineasa leanaí ar fud na tíre. Bainfidh 26 Údarás Áitiúil leas as maoiniú do thionscadail faoin Scéim Deontais Chaipitil um Shúgradh agus Áineas, chun tionscadail súgartha agus áineasa nua agus nuálacha a chur ar fáil agus chun na háiseanna atá ann cheana féin a fheabhsú. Is é €250,000 luach iomlán na Scéime.

D'fhoilsigh an tAire tuarascáil an phróisis chomhairliúcháin phoiblí freisin maidir leis na roghanna agus na gníomhaíochtaí cuí atá ar fáil don Rialtas maidir le suíomh iar-Áras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim, Co. na Gaillimhe. Reáchtáladh an chéad chruinniú den Fhóram Comhoibrítheach maidir le Tithe Máithreacha agus Leanaí i mí Iúil.

Achtaíodh an tAcht um Thacaíocht Cúram Leanaí, agus seo an chéad uair ar cuireadh córas tacaíochta don Luathfhoghlaim agus Chúram agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile ar bhonn reachtúil in Éirinn, rud a thugann creatlach reachtúil don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí. Bhronn an tAire conradh freisin chun an córas TF a fhorbairt a thacóidh leis an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí.

I mí **Lúnasa**, d'fhógair an tAire a pleananna chun cur leis an obair cur chuige comhtháite a chruthú do Sheirbhísí Leasa Oideachais ionas go bhfanfaidh Éire ina ceannaire idirnáisiúnta maidir le líon na bpáistí a chríochnaíonn an mheánscoil.

D'fhógair an tAire chomh maith go mbeadh leanaí, tuismitheoirí agus soláthraithe in ann leas a bhaint as feabhsuithe ar an Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige (CÓLO) ó Mheán Fómhair 2018. Leathnaíodh incháilitheacht don Scéim go dtí dhá bhliain (76 seachtain) do leanaí agus fuair soláthraithe cúram leanaí méadú 7% ar a n-íocaíochtaí CÓLO ó Mheán Fómhair ar aghaidh.

I mí **Mheán Fómhair**, d'fhógair an tAire tacaíochtaí d'fheabhsuithe ar ardchaighdeán san earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Cúram in Aois Scoile, lena n-áirítear maoiniú €1.2m chun oiliúint garchabhrach a chur ar gach seirbhís chlártaite sa tír. D'fhógair an tAire freisin go dtabharfaí isteach sparánacht iardhámhachtana chun tacú le feighlithe leanaí a ghnóthaigh cáilíocht ábhartha QQI Leibhéal 5, ar riachtanas d'fheighlithe leanaí é chun clárú le Tusla.

I mí **Dheireadh Fómhair**, thug Buiséad 2019 méadú 4% ar an maoiniú do sheirbhísí tacaíthe do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh. Áiríodh leis an bpacáiste €127m d'acmhainní breise do Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus ligeann sé do na mílte teaghlach leas a bhaint as na tairseacha ioncaim méadaithe faoin Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí.

D'fhógair an tAire gur éirigh le 39 eagraíocht ina n-iarratas ar mhaoiniú faoin scéim deontais do thionscnaimh um Fhorbairt Acmhainne LGBTI + do sholáthraithe gairmiúla seirbhíse a phléann le daoine óga. D'fhógair an tAire ciste nua suas le €1 milliún freisin chun maoiniú a thabhairt do sheirbhísí óige deonacha a thacóidh le cláir a dhíríonn ar dhaoine óga a spreagadh a n-infhostaitheacht a fheabhsú agus a spriocanna gairme a bhaint amach.

D'fhaomh an Rialtas moladh an Aire Zappone freisin maidir le scrúdú fóiréinseach a dhéanamh ar shuíomh iarÁras Máithreacha agus Naíonán i dTuaim, Contae na Gaillimhe.

I mí **na Samhna**, d'fhoilsigh an Rialtas 'Na Céad 5', an chéad straitéis uile-Rialtais a bhí in Éirinn riamh chun tacú le leanaí, le leanaí óga agus lena dteaghlaigh.

Sheol an tAire clár pólótach freisin do cheannairí i seirbhísí daonna agus sóisialta i Lár Cathrach Thoir Thuaidh, Bhaile Átha Cliath, lena nascfar an taighde agus an smaointeoireacht is déanaí maidir le conas cláir shóisialta a fheabhsú le comhpleanáil agus saineolas cur chun feidhme na rannpháirtithe.

I mí **na Nollag**, d'fhógair an tAire ceapachán an Uasail Pat Rabbitte mar Chathaoirleach ar Bhord Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le héifeacht ó 1 Eanáir 2019.

Shínigh an tAire *an tOrdú um an Acht um Chúram Leanaí 2018 (Tosach Feidhme) 2018 agus Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí in Aois Scoile) 2018*, a chuir ar chumas seirbhísí Cúram Leanaí in Aois Scoile clárú agus páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta nua um Chúram Leanaí.


Go hachomair, ba bhliain an-ghnóthach agus bisiúil don Roinn í 2018. Cuireadh go leor tionscnamh beartais agus reachtaíochta chun cinn agus saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú mar chuspóir aici. D'éiligh obair na Roinne freisin ar an bhfoireann raon iomlán freagrachtaí Roinn Rialtais a chomhlíonadh chun tacú le hobair an Aire agus an Rialtais, agus maidir le cuspóirí airgeadais agus cuntasachta eile a chomhlíonadh don Oireachtas.

Tá achoimre ar an dul chun cinn a baineadh amach i rith 2018 maidir le gach ceann de na cuspóirí mar atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne tugtha i gCuid 2 dár dTuarascáil Bhliantúil. Léirítear na cuspóirí seo i bPleananna Gnó bliantúla Aonaid ábhartha na Roinne.

Airgeadas

Ba é beagán os cionn €1.4 milliúin an t-ollmhaoiniú a foráladh don Roinn faoi Vóta 40 in 2018 ar mhéadú €92 million, nó 7% é, thar an maoiniú a foráladh in 2017. Chuir an caiteachas in 2018 ar ár gcumas leibhéal suntasach seirbhísí a sholáthar i dtrí réimse cláir mar seo a leanas:

		Táirgeacht
		€000
Caiteachas Cláir		
A	Tacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh	784,729
B	Cláir Earnála le haghaidh Leanaí agus an Aosa Óig	577,233
C	Clár Polasaí agus Reachtaíochta	24,924
		<hr/>
	Ollchaiteachas	1,386,886
Lúide		
D	Leithreasaí-i-gcabhair	(23,669)
		<hr/>
	Glanchaiteachas	1,363,217
		<hr/> <hr/>



Tá mionsonraí de thionscnaimh a rinneadh in 2018 faoi gach uile cheann de na trí chinn

Clár leagtha amach sna rannáin thíos.

Cuid 2: Dul Chun Cinn in 2018

Clár A: Tacaíocht do Leanaí agus do Theaghlaigh

Réamhrá

Dearadh an clár seo chun na socruithe soláthair seirbhíse atá ann roimhe seo a thacú agus a fheabhsú agus chun leas leanaí, daoine óga agus teaghlaigh a chosaint agus a thacú. Áirítear an mhairseacht a dhéantar ar Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, sa Chlár seo. In 2018, leithdháileadh os cionn €752 milliún ar Tusla, méadú 5% ar 2017.

Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Mairseacht ar Rialú agus ar Fheidhmiúchán

Déanann an Roinn mairseacht ar chomhlíonadh Tusla le forálacha reachtúla agus forálacha rialachais eile mar atá leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, agus sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016). In 2018, bhí dlúth-theagmháil ag an Roinn le Feidhmeannas Tusla agus le Bord Tusla maidir le comhlíonadh ionstraimí reachtúla agus neamhreachtúla.

Chuir Tusla tuarascálacha míosúla agus ráithiúla feidhmíochta faoi bhráid na Roinne maidir le cur i bhfeidhm a Phlean Gnó 2018 agus rinneadh plé agus athbhreithniú mionsonraithe ar na tuarascálacha seo. Buaileann an Roinn ar bhonn míosúil le foireann bainistíochta sinsearach Tusla agus buaileann an tAire ar bhonn ráithiúil leis an gCathaoirleach agus le Cathaoirligh Fhochoistí Bhord Tusla faoi seach chun feidhmíocht a athbhreithniú. Ina theannta sin, buaileann an tArd-Rúnaí leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar bhonn míosúil.

Grúpa Dearbhaithe Saineolaithe um Mairseacht a dhéanamh agus Comhairle a thabhairt ar

Chur i bhFeidhm Mholtaí Imscrúdú Reachtúil HIQA i mBainistíocht Atreoruithe Tusla

Foilsíodh an tuarascáil ar an imscrúdú ar bhainistiú líomhaintí maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí in aghaidh daoine fásta ar díol inní Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach iad, a rinne an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar iarratas an Aire, i mí an Mheithimh

2018. Bhí sé molta sa tuarascáil go mbunófaí grúpa dearbhaithe saineolaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála agus chun comhairle a chur ar an Aire maidir le dul chun cinn. Bhuail an Grúpa Dearbhaithe Saineolaithe (EAG) le chéile cúig huairé in 2018 agus chuir sé a chéad tuarascáil ráithiúil faoi bhráid an Aire i mí na Nollag 2018. Phléigh an EAG freisin na saincheisteanna a bhain le Tusla sa tríú tuarascáil eatramhach ón mBinse un Nochtaí Cosanta.

Cuireadh isteach i mí an Mhárta an tuarascáil deiridh ar thaighde coimisiúnaithe ag an Roinn agus bunaithe ar shonraí riaracháin ar leanaí atá liostaithe ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí (CPNS). Rinneadh anailís ar thorthaí agus ar scaipeadh an taighde trí sheisiúin spriocdhírthe faisnéise le linn 2018.

Bhí an Roinn ina cathaoirleach ar ghrúpa oibre idir-rannach a bunaíodh chun iniúchadh a dhéanamh ar bhunú ionad trasghníomhaireachta chun tacú le leanaí agus le teaghlaigh a d'fhulaing mí-úsáid ghnéasach leanaí. Tugann an tsamhail na seirbhísí cosanta, sláinte, teiripeacha agus póilíneachta le chéile agus cuireann sé seirbhísí páistelárnach ar bun a laghdaíonn aon tráma breise don leanbh agus dá t(h)eaghlach a oiread agus is féidir agus a fheabhsaíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht seirbhísí tacaíochta um mí-úsáid ghnéasach ar leanaí don leanbh. Tá seirbhís phíolótach le hoscailt in 2019.

Lean an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) agus Tusla ar athlonnú mionaoiseach neamhthionlactha, mar chuid dá ról i gClár na hÉireann um Dhídeanaithe a chosaint.

An tAthbheithniú ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991

Is geallúint é an t-athbheithniú ar an Acht um Chúram Leanaí i *dTorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile* agus tá an Roinn ag déanamh réamhthaighde ar na réimsí beartais sin a bhaineann lena sainchúram.

Tá obair shuntasach déanta ag an Roinn cheana féin maidir le raon an athbheithnithe, a raibh athbheithniú ar thuarascálacha éagsúla i gceist léi (lena n-áirítear athbheithnithe stairiúla ar fud an chórais agus tuarascálacha ó Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO), HIQA, agus an Rapóirtéir Speisialta um Chosaint Leanaí), dlí-eolaíocht sa cheantar, chomh maith le forbairtí i ndlínsí eile.

In 2018 d'ullmhaigh an Roinn sraith páipéar i ndáil le gnéithe sonracha den Acht, lena n-áirítear

orduithe maoirseachta, cúram deonach, orduithe cúraim eatramhacha agus orduithe cúraim.

Chuaigh an Roinn i mbun comhairliúcháin fhorleathain freisin i gcomhthéacs an Athbhreithnithe ar an Acht um Chúram Leanaí 1991. Áiríodh leis seo comhairliúchán scríofa, ina fuarthas 40 aighneacht scríofa ar an mbealach is fearr chun an tAcht a athbhreithniú agus a athchóiriú. Ina theannta sin, phléigh an Roinn idirchaidreamh go dlúth le Tusla ar an athbhreithniú agus d'eagraigh sí sraith comhairliúchán réigiúnach le foireann Tusla a oibríonn sa líne thosaigh chun a dtaithe leis an reachtaíocht a chur i bhfeidhm ina formáid reatha a bhailiú. Bhual an Roinn le roinnt páirtithe leasmhara eile freisin chun gnéithe ábhartha den athbhreithniú a phlé. Bhí an próiseas comhairliúcháin ina bhonn eolais don obair chuimsithe scóipeála agus d'fhorbairt na dtograí tosaigh.

Grúpa Oibre Idir-Rannach (IDG) ar fhorbairt caighdeán do Soláthar Díreach

Ghlac an Roinn páirt ar an nGrúpa Oibre Idir-Rannach, a dhéanann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais cathaoirleacht air, chun sraith chaighdeán a fhorbairt don Soláthar Díreach. Tá an Roinn ag díriú ar na caighdeáin a bhaineann le leanaí agus chuidigh an Roinn i bhforbairt caighdeán rialaithe.

Ghlac an Roinn páirt freisin sa Ghrúpa Oibre Idir-rannach a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Aithint Inscene 2015. Tá an Grúpa faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Foilsíodh tuarascáil an athbhreithnithe i mí Iúil 2018.

Lean an Roinn uirthi ag freagairt ceisteanna ardaithe ag an bpobal agus ag an Oireachtas maidir le leas agus cosaint leanaí. Ghlac an tAire páirt in éisteachtaí an Chomhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le Cúram Altramaí agus d'fhreagair sí go foirmiúil don tuarascáil ar a thorthaí go luath in 2018.

Córas Náisiúnta Faisnéise um Chúram Leanaí (NCCIS)

In 2018, áiríodh leis an soláthar caipitil do Tusla foráil d'fhorbairt agus do leathadh amach leanúnach an NCCIS. Cuireadh an córas i bhfeidhm go rathúil ar bhonn náisiúnta i ngach ceann de 17 limistéar Tusla i mí Iúil 2018. Bunaíodh struchtúir rialachais agus bainistíochta chun an NCCIS a chur i bhfeidhm, cuireadh tús le hearcaíocht do phríomhphoist, agus tá socruithe i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht cáilíochta mhaith sonraí agus chun gach riachtanas tuairiscithe a chomhlíonadh.

Clár Acmhainní do Theaghlaigh agus Seirbhísí Comhairleoireachta

In 2018, leithdháil Tusla bunmhaoiniú €16.5m ar Chlár na nIonad Acmhainní do Theaghlaigh, ar mhéadú de €3m thar 2017 é. Ba é cuspóir an mhaoinithe bhreise de €3m tacú leis na 109 Ionad Acmhainní do Theaghlaigh atá ann agus an Clár a leathnu trí 11 ionad nua a bhunú. Ag deireadh 2018, bhí 120 Ionad Acmhainní do Theaghlaigh i bhfeidhm.

In 2018, chuir Tusla maoiniú de thart ar €6m ar fáil chun tacú le heagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta. Feidhmíonn an chuid is mó de na seirbhísí a thugann Tusla maoiniú dóibh ar bhonn deonach agus cuireann siad raon seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh.

Seirbhísí um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh , Gnéis agus Inscne (DSGBV)

In 2018, leithdháil Tusla maoiniú de 23.8m ar sheirbhísí Foréigin Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne – ar mhéadú €1.7m thar 2017 é. Le linn 2018, d'oibrigh Tusla le comhpháirtithe in eagraíochtaí soláthraithe seirbhíse chun dualgaisí faoi *Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Fhoréigean in aghaidh Ban agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus an Dara Straitéis Náisiúnta do Sheirbhísí um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne (2016 - 2021)* a chur i bhfeidhm.

In 2018, chuimsigh sé seo go mbeadh na seirbhísí DSGBV maoinithe ag seoladh tacar comhaontaithe de shonraí príomha ar bhonn ráithiúil agus ar theimpléad coinneála suirbhé caighdeánach, rud a chuir tús le scópáil ar athbhreithniú cóiríochta na seirbhísí foréigin teaghlaigh i gceantar Bhaile Átha Cliath agus le bunú grúpa maoirseachta, le soláthar cúraim leanaí do leanaí a chónaíonn i dtearmainn foréigin teaghlaigh, ag cur chun cinn na hoibre ar sholáthar seirbhísí do leanaí a fhulaingíonn foréigean baile agus ag cur gníomhaíochtaí chun cinn maidir leis an Straitéis Náisiúnta don Lucht Siúil agus do na Romaigh.

Ionaid chónaitheacha do Leanaí

Déanann an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte (HIQA) cigireacht ar sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí Tusla, ar sheirbhísí cúraim altrama agus ar ionaid chónaithe do leanaí atá á reáchtáil ag Tusla. Fuair an Roinn 37 tuairisc in 2018, bunaithe ar chigireachtaí a rinne HIQA ar 21 ionad cónaithe do leanaí, 4 Aonad Cúraim Speisialta agus seirbhísí cúraim altrama i 12 cheantar. Ina theannta sin, chuir Tusla tuairiscí cigireachta isteach ar 82 cigireacht a rinneadh ar ionaid

phríobháideacha agus deonacha do leanaí. D'fhoilsigh an Painéal Athbhreithnithe Náisiúnta agus an tOmbudsman do Leanaí tuairiscí freisin. Déantar athbhreithniú agus anailís ar thuarascálacha chun saincheistanna a aithint. Aithnítear na príomhrudaí atá foghlamtha, lena n-áirítear samplaí de dheachleachtas agus réimsí ina dteastaíonn feabhsú seirbhíse agus ionchur i bhforbairt beartais.

Rinne an Roinn anailís ar na sonraí míosúla agus bliantúla ar phríomhtháscairí feidhmíochta curtha isteach ag Tusla. Baintear úsáid as an anailís seo chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus chun treochtaí a aithint, chun leithdháiltí buiséid a threorú, chun comparáidí idirnáisiúnta a éascú agus chun réimsí seirbhíse a bhfuil feabhsú ag teastáil uathu a aithint. Úsáidtear í freisin chun tacú le hobair na Roinne, agus é mar bhonn eolais do mheastacháin, do phleanáil fórsa saothair agus d'fhorbairt beartais.

Cosc agus Luath-idirghabháil

Chun chur le cumas forbartha beartais agus maoirseachta oibriúcháin, baineann an Roinn leas as a cuid athbhreithnithe agus as anailís ar thuarascálacha ó Tusla, ó Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO), ón Údarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte (HIQA), ón bPainéal Athbhreithnithe Náisiúnta, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) agus ó thaighde maidir le seirbhísí leanaí.

Lean an Roinn le ceannaireacht a léiriú ar fhorbairt nuálaíochtaí i réimse an bheartais a neartú agus ar eagrúchán tsoláthair i réimse an coisc agus na luath-idirghabhála. Is éard a bhí i gceist leis seo ná cur i bhfeidhm agus forbairt leanúnach an infreastruchtúir trí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus trí na Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CYPSC) agus trí leas a bhaint as nuálaíochtaí an tionscnaimh 'Cad é a Oibríonn'. Treisíonn agus neartaíonn dul chun cinn sa dá réimse seo freagairtí do leanaí agus do dhaoine óga bunaithe ar thorthaí.

'Cad é a Oibríonn'

Is tionscnamh deartha ag an Roinn é 'Cad é a Oibríonn', ar a dtugtaí an Tionscnamh um Fhorbairt Acmhainne agus Cáilíochta (QCBI), agus é ceaptha chun an tionchar is mó agus is féidir a imirt ar chosc agus ar luath-idirghabháil chun torthaí a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí in Éirinn.

Aithníodh ceithre phríomhshnáithe chun cosc agus luath-idirghabháil a leabú agus a fheabhsú i mbeartas, i soláthar agus i gcleachtadh seirbhísí leanaí agus daoine óga. Tá na snáitheanna seo dírithe ar fhaisnéis agus ar eolas, ar fhorbairt ghairmiúil agus ar cháilíocht na seirbhísí leanaí agus daoine

óga.

Chuir an Roinn tús freisin le hobair ar Chreat Foghlama ‘Cad é a Oibríonn’ a fhorbairt. Sainaitníonn an Creat Foghlama an réimse agus an cineál infheistíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh mar chuid de mhisean ‘Cad é a Oibríonn’ chun cur le heolas ar chosc agus ar luath-idirghabháil ag leibhéil an bheartais, an chleachtais agus an tsoláthair.

Ag teacht leis an gCreat Foghlama seo, d'fhorbair agus chuir an Roinn tús le clár píolótach ceannaireachta feidhmiúcháin do cheannairí i lár chathair thoir thuaidh Bhaile Átha Cliath i gcomhar le hOllscoil Luimnigh. Reáchtáladh an chéad seisiún den chlár nuálach seo i mí na Samhna 2018.

Críochnaíodh an chéad chéim den Mhol Sonraí um Thorthaí do Leanaí in 2018. Is córas geo-mhapála idirghníomhach agus ceantarbhunaithe ar líne é an mol sonraí seo a forbraíodh i gcomhar le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Táthar ag súil lena seoladh i R2 2019.

Faoin mBeart Maoinithe Nuálaíochta, bronnadh dámhachtainí ar luach breis is €2m ar 51 eagraíocht ar fud na tíre chun tacú le cur i bhfeidhm tionscadal éagsúil agus nuálaíoch iad dírithe ar shaol leanaí, daoine óga agus a dteaghlach a fheabhsú i bpobail áitiúla agus ar bhonn náisiúnta.

I mí na Samhna 2018, d'fhógair an tAire Zappone seoladh “Ciste Tacaíochta um Líonraí”, beart Tionscnaimh um Fhorbairt Acmhainne agus Cáilíochta (QCBI) tacaithe ag Maoiniú na gCuntas Díomhaoin. Is é sprioc na ndámhachtainí seo ná tacú le líonraí a dhéanann cuir chuige fianaisebhunaithe maidir le seirbhísí coiscthe agus luath-idirghabhála a chur chun cinn, ionas go dtacaítear leo siúd atá ag obair le leanaí, le daoine óga agus lena dteaghlaigh na rudaí cearta a dhéanamh, sa chaoi cheart agus ag an t-am ceart. Leanfar leis an scéim dámhachtana maoinithe seo in 2019.

Seirbhís Leasa Oideachais (EWS)

Bunaíodh Tascghrúpa i mí na Samhna 2018 chun treoirphlean beartais a fhorbairt a bheidh ina bhonn eolais d'fhorbairt na Seirbhíse Leasa Oideachais amach anseo, lena n-áirítear an Clár Críochnaithe Scoile. Cuimsíonn ballraíocht an ghrúpa ionadaithe ón Roinn, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ó Tusla EWS agus ionadaithe ó thrí shnáithe an EWS.

Tacaíocht leanúnach d'Fhoghrúpa Oideachais NTRIS

Tá an Roinn ina ball d'Fhochoiste Oideachais Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chuimsiú don Lucht Siúil agus do na Romach (NTRIS) inar aontaíodh go dtabharfaí faoi chlár phíolótacha i 4 réimse chomhaontaithe, iad deartha chun tinreamh agus coinneáil scoile a fheabhsú i measc leanaí an Luchta Siúil agus na Romach .

Táthar ag súil le go gcuirfear tús leis na píolótaí sna ceithre limistéar chomhaontaithe (Tuaisceart Bhaile Átha Cliath, Tamhlacht/Cluain Dolcáin, Tuaim, Co. na Gaillimhe agus Inis Córthaidh, Co. Loch Garman) i Márta 2019. Rinneadh obair shuntasach in 2018 ar an mBille Oideachais (Leas) (Leasú) 2018 agus tá an reachtaíocht rite ag an Seanad. Déantar cumarsáid leanúnach le hOifig an Aire maidir leis an dáta a rithfear an Bille sa Dáil.

Beartas Tacaíochta um Thuismitheoireacht

In 2018 rinne an Roinn réamhscrúdú ar théama na tuismitheoireachta agus na tacaíochta teaghlaigh. Áiríodh leis seo forbairt a dhéanamh ar ról agus ar shainchúram na Roinne maidir le tacaíocht tuismitheoireachta. Chun é seo a bhaint amach, reáchtáladh Díospóireacht Oscailte ar Bheartas na tacaíochta tuismitheoireachta i mBealtaine 2018.

I mí na Samhna 2018 bhunaigh an Roinn Aonad Beartais tiomnaithe do Thacaíocht Tuismitheoireachta a bheidh ina chabhair le dualgas an Stáit a bhaint amach maidir le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí tríd an obair thábhachtach a bhaineann le treoir bheartais agus le gníomhaíochtaí um thacaíocht tuismitheoireachta a chomhordú.

Beartas Cúraim Malartach

Cóiríocht do Lucht Fágála Cúraim

Tá maoiniú ar fáil anois do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) faoin Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS) chun aonaid chónaithe a cheannach do dhaoine óga leochaileacha a fhágann cúram an Stáit. Sa chás go gcuirtear cóiríocht ar fáil faoi CAS, soláthraíonn Tusla agus, nuair is gá, déanann sé achainí ar thacaíochtaí breise um mhaireachtáil neamhspleách, go háirithe don lucht fágála cúraim is leochailí, de réir phlean iarchúraim réamh-chomhaontaithe an duine aonair. In 2018, bhí 10 bhfágálaithe cúraim ina gcónaí i gcóiríocht shlán faoin scéim agus ceannaíodh 40 aonad breise ar fud

an Stáit, ina raibh meascán d'aonaid aon leaba agus dhá leaba, nó bhí siad ag stádas díolacháin arna chomhaontú. Leanfaidh an acmhainn seo le bheith rí luachmhar do dhaoine óga leochaileacha amach anseo.

Slánaíocht do Chúramóirí Altrama

D'oibrigh oifig na Roinne le comhghleacaithe in Oifig na Comhairle Parlaiminte (OPC), an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus Tusla chun Ordú Rialtais a dhréachtú a thabharfaidh cúramóirí altrama laistigh de théarmaí na Scéime Slánaíochta Ginearálta. Tá an dréacht-Ordú go maith chun cinn anois agus na hábhair theicniúla eile réitithe (faoi réir deimhniú ón OPC).

An Tionscadal ar Thuairisciú ar an Dlí um Chúram Leanaí

Bronnadh maoiniú taighde ar An Tionscadal ar Thuairisciú ar an Dlí um Chúram Leanaí, tar éis próiseas iarratais iomaíoch, chun tabhairt faoi thionscadal taighde trí bliana ar imeachtaí cúraim leanaí in Éirinn. Cuireadh comhaontú deontais agus struchtúir rialachais i bhfeidhm, lena n-áirítear grúpa stiúrtha a bhfuil cathaoirleach neamhspleách aige, i gcomhairle le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Tá dhá shraith de thuairiscí cúirte faoi théarmaí an chomhaontaithe nua foilsithe go dtí seo.

Athchóiriú ar Chóras na gCaomhnóirí Ad Litem

I mí Feabhra 2018, cheadaigh an Rialtas an Bille um Chúram Leanaí (Leasú) a dhréachtú chun seirbhís Chaomhnóra ad litem (GAL) nua a bhunú laistigh den Roinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an mBille a dhréachtú le linn 2018.

Rachaidh an Bille i ngleic le heasnaimh shuntasacha sna socruithe reatha (Alt 26 den Acht um Chúram Leanaí, 1991). Bunófar córas náisiúnta le haghaidh bainistiú agus seachadadh seirbhíse na Seirbhíse Caomhnóra ad litem a bheidh cuntasach don Aire agus a thabharfaidh an dearbhú is fearr maidir le cáilíocht agus inbhuanaitheacht seirbhísí as seo amach. Forálfaidh an Bille freisin do thiomhde i bhfabhar GAL a cheapadh do gach leanbh in imeachtaí cúraim leanaí.

Le linn 2018, cuireadh foireann tionscadail i bhfeidhm chun bunú Oifig Feidhmiúcháin laistigh den Roinn a bhainistiú.

Tús Áite do Leanaí

Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach Tús Áite do Leanaí (GFIRTÁL)

I ndiaidh tosach feidhme gach foráil eile den Acht um Thús Áite do Leanaí an 11 Nollaig 2017, lean an Roinn uirthi ag obair go dlúth leis an GFIRTÁL i rith 2018. Tá ionadaithe ó gach Roinn Rialtais, FSS, Tusla agus an Garda Síochána sa Ghrúpa seo.

Bhí ról lárnach ag an GFIRTÁL in ullmhú Pleananna Forfheidhmithe Earnála mar a cheanglaítear faoin Acht chun comhsheasmhacht chur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí ar fud na hearnála poiblí a chinntiú. Forbraíodh Plean Forfheidhmithe Earnála agus Ráiteas um Chosaint Leanaí na Roinne féin agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Rinneadh Treoirlínte Thús Áite do Leanaí a nuashonrú níos déanaí sa bhliain agus tagairt shonrach déanta don ghá le sábháilteacht ar líne a chur san áireamh i gcomhthéacs na ráiteas um chosaint leanaí a chumadh. Foilsíodh an aguisín seo chun shoiléiriú a thabhairt gur chóir d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí machnamh a dhéanamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne agus a measúnú riosca á dhéanamh acu chomh maith lena Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú.

Rapóirtéir Speisialta maidir le Cosaint Leanaí

Scaipeadh 1 lú tuarascáil an Rapóirtéara maidir le Cosaint Leanaí ar gach Roinn Rialtais ábhartha go dtabharfaí faoin ngníomh cuí maidir lena moltaí. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Rialtais agus foilsíodh í i mí na Nollag 2018.

An Clár Oibre um Chosaint Leanaí den Earnáil Sláinte na Comhairle Aireachta

Thuaidh/Theas (NSMC)

Lean an Roinn le páirt a ghlacadh sa ghrúpa d'oifigigh cosanta leanaí trasteorann. Bunaíodh an grúpa seo, atá faoi choimirce an chláir ghnó Sláinte den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas chun meitheal a chur i mbun maidir le raon ceisteanna a bhaineann le cosaint leanaí.

Ceartas i leith an Aosa Óig

An Scéim Mhairseachta ar Bhannaí

Lean an Scéim Mhairseachta Bannaí (BSS), a bunaíodh ar bhonn píolótach i mí an Mheithimh 2017, ag feidhmiú ó Chúirt Leanaí Bhaile Átha Cliath. Tugann an scéim an rogha don chúirt bannaí a dheonú do leanbh, in ionad leanbh a chur faoi choinneáil, le linn imeachtaí athchuir agus coinníollacha á leagan síos ag an gcúirt. Pléadh le 28 cás i rith 2018. Trí roinnt daoine óga a choinneáil sa phobal ar an Scéim Mhairseachta Bannaí tá gá le háiteanna coinneála laghdaithe. Tá an cur chuige seo ag teacht freisin le príomhphrionsabal Acht na Leanaí 2001 nár cheart leanbh a coinneáil ach amháin mar rogha dheireanach. Cuireadh tús le hAthbhreithniú agus Measúnú ar an Scéim in 2018.

Fianaise Taighde maidir le Beartas, le Cláir agus le Cleachtas

Freagraíonn an Tionscadal um Fhianaise Taighde maidir le Beartas, le Cláir agus le Cleachtas (REPPP) i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh go díreach leis na cuspóirí a aithníodh sa phlean *Ag Dul i nGleic le Coireacht Óige - Phlean Gníomhaíochta Cheartas na nÓg, 2014-2018*, go háirithe an gá atá le feabhas suntasach a chur ar an mbonn fianaise atá mar bhonn eolais do chinnteoireacht maidir le beartas agus cláir agus cleachtas i réimse an cheartais don aos óg.

I measc na hoibre a bhí ar siúl tríd an REPPP in 2018 bhí:

- meastóireacht ar an gclár Mhairseachta Bannaí chun a fháil amach ar imir an clár tionchar ar iompar daoine óga a ndeachaigh an clár i bhfeidhm orthu.
- bonn fianaise a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le ceapadh beartas i leith choireacht na n-óg in Éirinn. Críochnaíodh agus foilsíodh Tuarascáil an tSuirbhé Náisiúnta ar Leitheadúlacht Greentown 2017 (staidéar ar rannpháirtíocht leanaí i líonra coiriúil daoine fásta) i mí na Nollag 2017, agus críochnaíodh dhá chás-staidéar eile [an Baile Gorm agus an Baile Rua] in 2018.

Baile an Oibricigh: tuarascáil mhonatóireachta ar Ghrúpa Forfheidhmithe an Athbhreithnithe

Bhunaigh an tAire Grúpa Forfheidhmithe Athbhreithnithe i Márta 2017 chun a chinntiú go gcuirfear moltaí ó roinnt athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh i bhfeidhm.

Chríochnaigh an Grúpa a thuarascáil i mí na Nollag 2017 inar tiomsaíodh moltaí na n-athbhreithnithe go léir. Forbraíodh plean gníomhaíochta agus foilsíodh é seo, mar aon leis an *gCéad Tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta ó Mholtaí ab Athbhreithnithe (Bealtaine 2018)*, ar shuíomh gréasáin na Roinne i Meitheamh 2018.

Beartas agus Cláir Choireacht an Óige (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais)

Tá oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar fhoireann den Rannóg um Beartas agus Cláir Choireacht an Óige agus tá sé comhlonnaithe leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. In 2018, chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais tuairim is €12 milliún ar fáil do Sheirbhís Cheartas Óige na hÉireann (IYJS) chun tacú le Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána (GYDP), agus le roinnt tionscadal atreoraithe óige eile, tionscadail phobail.

Straitéis Nua um Cheartas an Aosa Óig

Dhírigh *Ag Dul i nGleic le Coireacht Óige: Plean Gníomhaíochta um Cheartas an Aosa Óig 2014-2018* (YJAP) ar thorthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga a dteastaíonn aird straitéiseach spriocdhírthe uathu toisc go bhfuil taithí acu leis an gcóras ceartais óige mar thoradh ar a n-iompar. Ba é cuspóir an Phlean ná leanúint leis an treocht anuas na coireachta agus an gá le coinneáil a laghdú dá réir sin. Tháinig deireadh leis an YJAP ag deireadh 2018 agus tá tús curtha ag an YCPPD leis an obair ar Straitéis nua um Cheartas an Aosa Óig a fhorbairt. Déanfaidh Grúpa Stiúrtha idir-rannach atá faoi chathaoirleacht an Aire Stáit ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, David Stanton TD forbairt na Straitéise a threorú.

Beidh an Straitéis dírithe ar leas an linbh agus glacfaidh sé cur chuige idirghníomhaireachta agus leanbh-lárnach thar raon clár agus gníomhaireachtaí, lena n-áirítear coinneáil, promhadh, atreorú, leas agus cosaint leanaí, meabhairshláinte, seirbhísí oideachais, pobail agus teaghlaigh, mar aon le gníomhartha agus geallúintí beachta a bhfuil amscálaí ama cinnte acu.

Tionscadal Taighde Gníomhaíochta

Dhear agus d'fhorbair IYJS Tionscadal Taighde Gníomhaíochta (ARP), i gcomhpháirt le hOllscoil Luimnigh, chun obair le 15 GYDP roghnaithe. Is é an cuspóir ná bogadh ó fhianaise teistiméireachta

agus starógach go bhfuil tionscadail ag feidhmiú go maith agus go dtugann siad seirbhís mhaith, chun na hidirghabhálacha sonracha is fearr a aimsiú, an fhianaise seo a thairfead, agus an fhoghlaim as seo a leathadh amach ar fud na dtionscadal go léir thar thréimhse blianta . I measc na ngníomhartha beidh:

- scrúdú a dhéanamh ar cad a cruthaíonn caidreamh rathúil idir rannpháirtí óg agus Oibrí Ceartais Óige (mínítear caidreamh rathúil mar éascú a dhéanamh ar fhíor-athrú ar dhearcadh agus ar shaol an duine óig nach dtarlódh an t-athrú gan nn éascú);
- an méid a dhéanann GYDP maidir le dul i ngleic le coireacht i bpobal a chur in iúl; agus
- measúnú a dhéanamh ar an méid is féidir le gníomhaireachtaí agus idirghabhálacha 'réamhtheachtacha' a dhéanamh maidir le laghdú coireachta agus moltaí cuí a dhéanamh.

Comhdháil Bhliantúil GYDP

I mí na Samhna 2018, reáchtáladh an chéad Chomhdháil Bhliantúil do Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána le blianta beaga anuas i mBaile Átha Troim, agus breis agus 300 duine i láthair. D'éirigh thar barr leis an gcomhdháil agus reáchtálfar í ar bhonn bliantúil. Rinneadh an plé agus na moltaí a rinneadh a thairfeadh i dTuarascáil na Comhdhála agus beidh siad mar bhonn eolais le forbairt an líonra GYDP amach anseo.

Clár B: Cláir Earnála do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Réamhrá

Is í aidhm an chláir ná leanúint le soláthar seirbhísí cúraim, forbartha agus leasa do leanaí agus do dhaoine óga atá spriocdhírthe agus uilíoch araon. Rinneadh infheistíú os cionn € 502 milliún i gcláir Luathfhoghlama agus Chúraim agus Chúraim Leanaí in Aois Scoile in 2018, ar mhéadú €86 milliún (20%) é ar chaiteachas in 2017, agus infheistíodh beagnach € 60 milliún in eagraíochtaí agus seirbhísí óige.

An Chéad Chúig

Sheol an Taoiseach, an tAire Zappone agus baill eile Rialtais Straitéis Uile Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh (An Chéad 5) an 19 Samhain. Is comhlíonadh geallúinte lárnáí i dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile é foilsiú na straitéise seo agus is rud cinniúnach é i bhforbairt beartais do na baill is óige sa tsochaí.

Is plean deich mbliana é an Straitéis a fheabhsóidh saol leanaí, páistí óga agus a dteaghlaigh. Úsáidtear fianaise chun spriocanna, cuspóirí agus na gníomhartha sonracha a theastaíonn ó gach cuid den Rialtais a aithint chun tacú le leanaí (agus a dteaghlaigh) sna blianta tosaigh dá saol. Tá an chéad 5 tiomanta do mhórtionscnaimh maidir le saoire theaghlaigh, seirbhísí sláinte leanaí, tacaíochtaí tuismitheoireachta, pobail atá fabhrach do leanaí agus seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim i measc raon leathan gníomhartha.

Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí in Aois Scoile

In 2018 riaradh go rathúil na scéimeanna Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Cúraim Aois Scoile. Rinneadh athbhreithniú ar na rialacha lena rialaítear na scéimeanna chun rialachas a fheabhsú agus chun soiléireacht níos fearr a thabhairt do sholáthraithe maidir le saincheisteanna comhlíonta. Leathnaíodh an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige go clár iomlán dhá bhliain agus rinneadh íocaíochtaí caipitíochta breisithe le soláthraithe seirbhíse. Cuireadh maoiniú caipitil spriocdhírthe ar fáil chun tacú le cúrsaí acmhainne agus le soláthar seirbhíse ar ardcháilíocht agus rinneadh Íocaíochtaí Tacaíochta Cláir le soláthraithe.

Tugadh isteach an chéad bhliain iomlán de na tacaíochtaí feabhsaithe do Luathfhoghlaim agus Cúram agus do Chúraim Leanaí ar Aois Scoile i Meán Fómhair 2017. Áiríodh leis na tacaíochtaí seo

íocaíocht uilíoch do leanaí faoi thrí bliana d'aois chun costais Luathfhoghlama agus Cúraim do theaghlaigh a mhaolú, chomh maith le tacaíochtaí spriocdhírthe atá feabhsaithe go mór. Rinneadh i bhfad níos mó de na híocaíochtaí seo ná a rabhthas ag súil leis.

Cuireadh tacaíochtaí ar fáil do sheirbhísí freisin maidir lena ndualgais faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR).

D'oibrigh an Roinn leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE), Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP) agus le Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí chun seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí agus Cúraim in Aois Scoile a fhorbairt do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in Ionaid Éigeandála um Fháiltiú agus Treoshuíomh (EROCanna).

Maidir le cumarsáid, tugadh isteach Nuachtlitir na Luathbhlianta in 2018 den chéad uair agus í seolta chuig na 4,500 seirbhís ar fud na tíre, rinneadh roinnt feabhsúcháin ar Fhóram na Luathbhlianta faoi chathaoirleacht an Aire agus bunaíodh foghrúpa tiomnaithe: an Fóram Eacnamaíoch Fostaíochta Fostaíochta ar Chúram Leanaí.

Fócas ar Cháilíocht

Cruthaíodh Aonad tiomnaithe nua sa Roinn in 2018 chun tionscnaimh cháilíochta éagsúla a stiúradh, lena n-áirítear cur i bhfeidhm leanúnach an Mhúnla Rochtana agus Cuimsithe (AIM), forbairt ar struchtúr um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil don earnáil, rialáil ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile agus athchóiriú mór san earnáil Feighlíochta Leanaí.

Samhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM)

Is samhail de thacaíochtaí é AIM atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gclár ECCE. Rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar chéad bhliain AIM in 2018 a léirigh sé go bhfuil AIM ag feidhmiú go maith maidir lena phríomhspríocanna suíomhanna réamhscoile a dhéanamh níos cuimsithí ar an iomlán, trí thacú le leanaí atá faoi mhíchumas páirt fóna a ghlacadh i réamhscoil phríomhshrutha agus trí forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do chleachtóirí réamhscoile. Bhuaigh AIM, agus an tionscnamh Ceannaireacht um Chuimsiú (LINC) laistigh de AIM, roinnt gradam in 2018 lena n-áirítear Gradam Feabhais agus Nuálaíochta na Stáitseirbhíse 2018 sa chatagóir 'Tionchar ar Shaoránaigh'.

Sa bhliain chlár COLO 2017/2018, fuair 4,107 leanbh 6,618 tacaíochtaí AIM spriocdhírthe a 1,956

suíomh. Ina theannta sin, bhain i bhfad níos mó leanaí leas as tacaíochtaí AIM uilíocha.

I rith 2018, dáileadh 6,500 pacáiste "Súgradh Cuimsitheach AIM" ar bhreis is 4,000 suíomh ar fud na tíre. Sna pacáistí seo bhí bréagáin agus ábhair chun comhordú agus scileanna closamhairc, amhairc agus tadhaill a spreagadh do gach leanbh.

I bhfómhar na bliana 2018, bhain 798 cleachtóir réamhscoile céim amach ón gclár ardoideachais Ceannasaíocht um Chuimsiú sna Luathbhlianta (LINC). Ceapadh an clár seo chun tacú le cuimsiú leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i suíomhanna réamhscoile.

Cuireadh tús le Tionscadal Taispeántais Teiripe in 2018 le 75 suíomh Luathfhoghlama agus Cúraim agus 75 scoil ag teacht le chéile chun “múnla tacaíochta réamhscoile/teiripe scoile” a phiolótú. Sa mhúnla seo, tacaíonn teiripeoirí urlabhra agus teanga agus teiripeoirí saothair leis an bhfoireann chun idirghabhálacha oiriúnacha agus luath a sholáthar ag an leibhéal a theastaíonn ó gach leanbh. Tá an scéim phiolótach bunaithe i Limistéar Eagrúcháin & den Cúram Sláinte Pobail 7 (Cill Dara, Baile Átha Cliath Thiar & Cathair Bhaile Átha Cliath) i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte, FSS, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Tá an scéim phiolótach á meas agus tá tuarascáil eatramhach le foilsiú i mí Lúnasa 2019.

Feighlíocht leanaí

Tá tacaíocht agus forbairt na hearnála feighlíochta leanaí ina príomhréimse dírithe don Roinn. In 2018 cuireadh tús leis an réamhobair le haghaidh fhorbairt na hearnála amach anseo nuair a foilsíodh tuarascáil an ghrúpa oibre ar athchóirithe agus tacaíochtaí don earnáil feighlíochta leanaí. Beidh an tuarascáil seo mar bhonn eolais le gníomhartha agus cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um Chúram Leanaí a thabharfar chun críche sa chéad leath de 2019. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta do phost Comhordaitheora Náisiúnta Feighlíochta Leanaí chun cuidiú leis an Roinn leis an obair seo.

Cáilíochtaí an lucht saothair

D'fhonn a bheith ag obair san earnáil, ní mór cáilíocht ar a laghad QQI leibhéal 5 a bheith ag gach ball foirne i réimse staidéir ábhartha. Próiseálann an Roinn iarratais ó oibrithe ar mian leo a gcáilíocht a bheith aitheanta chun a n-incháilitheacht chun a bheith ag obair i suíomh Luathfhoghlama agus Cúraim a dheimhniú. In 2018, fuarthas agus próiseáladh breis is 1,300 iarratas dá leithéid. D'oibrigh an Roinn freisin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun treoirlínte critéar nua a bhunú do chúrsaí leibhéal 7 agus 8 agus tá sé ag obair leis an QQI ar athbhreithniú ar cháilíochtaí Leibhéal 5

agus 6.

In 2018 aistríodh riaradh an phróisis um Chaipitíocht Níos Airde ECCE (trína bhfaigheann suíomhanna COLÓ soláthraithe ag céimí leibhéal níos airde íocaíochta) chuig Pobal, agus freagracht beartais agus maoirseachta coinnithe ag an Roinn

Cúram Leanaí ar Aois Scoile

In 2018, rinneadh na hullmhúcháin dheireanacha chun seirbhísí Cúram Leanaí ar Aois Scoile a rialáil agus a chlárú ionas go mbeidís in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Chúram Leanaí Náisiúnta (NCS) níos déanaí sa bhliain 2019. Bhí tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chaighdeáin Chúram Leanaí ar Aois Scoile inar dréachtaíodh caighdeáin Cháilíochta do Chúram ar Aois Scoile ina bonn eolais le cuid mhaith de na forbairtí. Beidh siad seo faoi réir comhairliúcháin phoiblí in 2019. D'oibrigh an Roinn le Cigireacht Luathbhlianta Tusla chun clárú éasca sheirbhísí SAC a chinntiú, agus é ag tosú i mí Feabhra 2019.

Cigireacht na Luathbhlianta Tusla agus Cigireacht Luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS)

D'oibrigh an Roinn go dlúth in 2018 le Cigireacht Luathbhlianta Tusla agus le Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (coimisiúnaithe ag an Aire chun cigireacht ar sheirbhísí ECCE a dhéanamh). Ceann de na cuspóirí a bhí ann ná iarrachtaí a chomhordú idir na cigireachtaí agus iarracht a dhéanamh a ngníomhaíocht a chuíchóiriú a oiread agus is féidir. Tionóladh comhócaid cigireachta, faoi chathaoirleacht na Roinne, i Farmleigh i mí Iúil a thug foirne ón dá Chigireacht le chéile. Rinne an Roinn cathaoirleacht freisin ar an nGrúpa Ailínithe Oibriúcháin agus Córais (OSAG) chun gach gníomhaireacht a dhéanann idirghníomhú leis an earnáil a thabhairt le chéile chun cumarsáid a fheabhsú agus chun uainiú na gcigireachtaí a chomhordú d'fhonn cur isteach ar sheirbhísí a chosc.

Baineann an dara príomhchuspóir .i. comhoibriú idir an Roinn agus EYI Tusla leis an Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) Rialacháin 2016. Rinne Tusla agus Ard-Rúnaí na Roinne comh-Sheoladh ar Chreat Cáilíochta agus Rialála (QRF) Tusla i Meán Fómhair 2018. Bhí obair shuntasach idir an Roinn agus Tusla i gceist leis an bpróiseas rialaithe agus cláráithe um Chúram Leanaí ar Aois Scoile.

In 2018 rinneadh leasú ar phost na gCigirí Luathbhlianta i Tusla chun gur féidir earcaíocht a dhéanamh ó ghrúpa níos leithne de ghairmithe lena n-áirítear céimithe ó chlár Oideachais agus Cúraim na Luath-Óige.

Gnóthaí Idirnáisiúnta

Tá an Roinn freagrach as Gnóthaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Luathfhoghlaim agus Cúram a chomhordú. Eisítear Moltaí Tír-Shonracha (CSRanna) do thíortha ar réimsí ina mothaíonn an Coimisiún gur gá dul chun cinn suntasach a dhéanamh le Seimeastar Eorpach, arb é an timthriall chomhordúcháin bliantúil fíoscach agus eacnamaíoch laistigh den AE é. Bhí Luathfhoghlaim agus Cúram mar chuid de CSR2 d'Éirinn in 2018.

Rinne an Roinn anailís freisin ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Brexit ar Luathfhoghlaim agus Cúram, go háirithe maidir le cáilíochtaí foirne.

Chuir an Roinn mionteagaisc ar fáil ar réimse saincheisteanna agus d'fhreastail sí ar chruinnithe leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), Grúpa Oibre an Aontais Eorpaigh um Oideachas agus Cúram na Luath-Óige agus Comhairle na Breataine-na hÉireann (BIC)

Tacaíochtaí FGL & Oiliúna

Forbraíodh imlíne ar phlean forbartha gairmiúla leanúnaí (CPD) don earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim (ELC) in 2018. Tá sé mar aidhm aige tacú le lucht saothair an ELC chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus ar deireadh thiar ar mhaithe le leas leanaí agus a dteaglaigh. Rinneadh cuid den phlean a pháil in 2018 trí dhá chúrsa (Hanan agus Lámh) a sholáthar trí Better Start mar chuid den Samhail Rochtana agus Cuimsithe (AIM). Fuair na cúrsaí íocaíocht pháilíochtach CPD chun cabhrú leis na baill foirne a d'fhreastail ar an oiliúint. Bhí an-suim ag daoine páirt a ghlacadh san oiliúint agus bhí an ráta críochnaithe go maith freisin. Tá meastóireacht ar an bpróiseas ar siúl chun a éifeachtacht a thomhas.

Athbhreithniú Neamhspleách ar an gCostas a bhaineann le Cúram Leaná Ardchaighdeán a sholáthar in Éirinn

Choimisiúnaigh an Roinn Crowe Ireland i bhFómhar 2017 chun Athbhreithniú Neamhspleách a

dhéanamh ar an gCostas a bhaineann le Cúram Leanaí Ardchaighdeáin a Sholáthar in Éirinn. Áiríodh leis an sainchúram:

- anailís a dhéanamh ar na costais reatha a bhaineann le cúram leanaí a sholáthar agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar na costais seo;
- forbairt agus seachadadh múnla de na costais aonaid a bhaineann le cúram leanaí a sholáthar chun anailís ar athruithe beartais agus éagsúlacht i gcúiseanna costais a éascú, lena n-áirítear tionchar féideartha na gairmiúlachta; agus
- anailís mhargaidh oibiachtúil agus ar ardleibhéal a sholáthar ar an earnáil chúraim leanaí in Éirinn, lena n-áirítear anailís ar na leibhéal na dtáillí a ghearrtar ar thuismitheoirí.

Socraíodh chur chuige agus modheolaíocht i gcomhpháirtíocht leis an Roinn agus tugadh faoi roinnt príomhghníomhaíochtaí. Tá an dréacht-tuarascáil deiridh, an uirlis múnlaíthe costais agus an treoir ag céimeanna deiridh an athbhreithnithe inmheánaigh. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh na torthaí athbhreithnithe ag piaraí seachtracha. Cuirfear an tuarascáil agus an uirlis múnlaíthe costais i gcrích in 2019.

Clár Caipitil um Fhoghlaím agus Cúram na Luathbhlianta agus Cúram Leanaí in Aois Scoile

Sholáthair an Clár Caipitil um Fhoghlaím agus Cúram na Luathbhlianta agus Cúram Leanaí in Aois Scoile_2018 € 6.86 milliún chun 1,253 áit nua COLÓ a chruthú; 697 áit nua d'aoiseanna 0-3; 807 áit nua do Chúram Leanaí in Aois Scoile; 111 tionscadal um chothabháil agus deisiúchán riachtanach; agus 157 áit súgartha nádúrtha allamuigh.

Íocaíochtaí Tacaíochta Clár

Cuireadh €18.7 milliún ar fáil don earnáil Luathbhlianta i leith Íocaíochtaí Tacaíochta Clár chun tacú leis na costais riaracháin a bhaineann leis na clár atá maoinithe ag an Roinn.

An Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCS)

Achtaíodh an tAcht um Thacaíocht do Chúram Leanaí in 2018. Tugann an tAcht an bunús dlí don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí. Cruthóidh an scéim nua atá bunaithe leis an Acht scéim chuíchóirithe amháin in áit na scéimeanna fóirdheontais cúraim leanaí atá ann faoi láthair. Is piosa criticiúil infreastruchtúir í an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí a éascóidh infheistíocht i

Luathfhoghlaim agus Cúram Leanaí inrochtana, atá ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta sna deich mbliana amach romhainn.

Forbróir seachtrach TF a cheapadh

Tá córas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) mar bhonn taca don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, a bheidh bunriachtanach maidir le feidhmiú na Scéime. Reáchtáil an Roinn próiseas tairisceana oscailte iomlán in 2018, agus bronnadh an Conradh chun an córas seo a fhorbairt ar Codec. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhorbairt an chórais i gcomhar le Pobal agus oifigigh na Roinne.

Sonraíocht an chórais NCS mionsonraithe curtha i gcrích

Dréachtaíodh sonraíochtaí mionsonraithe do chóras TFC NCS in 2018. Rinneadh cur síos ar gach gné aonair a bheidh ag teastáil ón gcóras TFC chun go bhfeidhmeodh an Scéim i gceart. Chiollaigh sé seo go bhféadfadh Pobal agus na forbróirí bogearraí seachtracha, Codec, obair fhorbartha a thosú agus a chur chun cinn.

Comhaontú foirmiúil le Pobal chun clár a fhorbairt curtha i gcrích

D'aontaigh an Roinn agus Pobal ar Ráiteas Oibre (SOW) chun an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí a fhorbairt agus síníodh é i mí Iúil 2018. Is é cuspóir an SOW seo ról faoi seach gach páirtí i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na Scéime a chinntiú go bhfuil na ról sainmhínithe go soiléir agus go ndéantar an tseirbhís a bhainistiú ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúileacht de.

An plean cláir, an dáta seolta agus an chur chuige seolta faofa

Rinne Bord Tionscadail agus an Bord Feidhmiúcháin Plean Clár cuimsitheach don tionscadal NCS a fhaomhadh i mí Iúil 2018. Áiríodh leis seo dáta seolta agus an cur chuige seolta. Is é a bheidh i gceist leis an gcur chuige seolta ná na scéimeanna reatha cúraim leanaí a chothabháil ar feadh bliana chun aistriú gan deacracht chuig an Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí a chinntiú do thuismitheoirí agus do sholáthraithe seirbhíse.

Iarratas Fhorlíontach ar Thairiscint (SRFT) do sheirbhís tacaíochta do thuismitheoirí foilsithe

Beidh Pobal ag riaradh na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí ar son na Roinne. Díreoidh riaradh na scéime ar an dá phríomhpháirtithe leasmhara laistigh den scéim; na soláthraithe seirbhíse agus na hiarratasóirí. Cuirfear na feidhmeanna a bhaineann le taobh an tsoláthraí seirbhíse i bhfeidhm laistigh de Phobal, agus soláthróidh soláthraí seachfhoinsithe na feidhmeanna do thuismitheoirí. Chuige sin,

d'fhoilsigh Pobal Iarratas Forlíontach ar Thairiscintí le haghaidh Soláthar Seirbhísí Tacaíochta Próiseas Gnó Bainistithe do Phobal d'fhonn Conradh a aontú le soláthraí seachfhoinsithe faoi dheireadh chéad ráithe 2019.

An chéad dréacht de Threoirlínte Polasaí agus Creat Rialachais NCS curtha i gcrích

Is príomhchuspóir na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí é an dea-rialachas. Díreofar ar chinntiú go mbeidh sé láidir, go mbeidh rialacha incháilitheachta sainmhínithe go soiléir leagtha amach sa reachtaíocht, agus go mbeidh córais agus struchtúir riaracháin bhunúsacha láidre ann. Rinneadh dul chun cinn ar na saincheistanna seo in 2018 lena chinntiú go mbeidh an Scéim nua oiriúnach don fheidhm. Bhí Treoirlínte Beartais Mionsonraithe agus Creat Rialachais críochnúil beagnach críochnaithe faoi dheireadh 2018 agus beidh siad ina mbunchloch don Scéim.

Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta; Straitéis Oiliúna agus Plean Comhtháite Cumarsáide agus Oiliúna foilsithe

Foilsíodh Straitéis Cumarsáide agus Rannpháirtíochta don Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí i mí Feabhra 2018. Tá achoimre sa Straitéis seo ar an gcaoi a ndéanfaidh an Roinn cumarsáid maidir le forbairt, le seoladh agus le cur i bhfeidhm na Scéime. Cinnteofar go gcuirfear príomhtheachtaireachtaí na Scéime in iúl ar bhealach atá soiléir, tráthúil agus comhsheasmhach, go mbeidh siad inrochtana ag gach spriocphobal agus páirtí leasmhara, go gcomhlíonfaidh siad riachtanais aitheanta na bpríomhpháirtithe leasmhara (lena n-áirítear grúpaí is deacra fáil fhad leo), agus go gcabhraíonn siad leis na spriocanna agus na torthaí aitheanta a theastaíonn chun an Scéim a fhorbairt agus a sheoladh go rathúil a bhaint amach. Tacaíonn Straitéis Oiliúna agus Plean cuimsitheach Cumarsáide agus Oiliúna a cuireadh i gcrích leis an straitéis freisin.

Ainm, lógó agus brandáil na Scéime faofa

In 2018, forbraíodh ainm, lógó agus brandáil na Scéime.

Faoi choimirce na Straitéise agus an Phlean Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, forbraíodh feachtas feasachta cuimsitheach do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne in 2018 agus tosóidh sé in 2019. Cuirfidh an feachtas náisiúnta comhairle ar thuismitheoirí ar conas is féidir leo leas a bhaint as fóirdheontais faoi ACS agus beidh ábhar digiteach, clóite, raidió agus ábhar allamuigh san áireamh chomh maith le freastal ar imeachtaí náisiúnta i rith na bliana. Reáchtálfar an feachtas ag an am céanna le feachtas do sholáthraithe cúraim leanaí, a forbraíodh in 2018 freisin. Pléann an feachtas do sholáthraithe le feidhmiú na Scéime, chomh maith le tacaíochtaí oiliúna agus faisnéise do

sholáthraithe agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile. Tríd an dá fheachtas seo, tabharfar faisnéis, acmhainní agus tacaíocht a bheidh thráthúil agus éasca le húsáid do thuismitheoirí, do sholáthraithe cúraim leanaí agus do pháirtithe leasmhara. Tá breis is 600 seisiún oiliúna do sholáthraithe agus do pháirtithe leasmhara atá le seachadadh ar fud na tíre in 2019 geallta sa phlean, chomh maith le sraith ábhar oiliúna a bheidh ar fáil ar líne.

Rátaí fóirdheontais NCS agus asbhaint leanaí feabhsaithe

Scrúdóidh an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí (NCS) glanioncam iarratasóra chun méid an fhóirdheontais a gheobhaidh siad a mheas. Méadaíodh tairseacha na Scéime in 2018 mar chuid de Bhuiséad 2019, an leibhéal is ísle go € 26,000 agus an leibhéal níos airde go € 60,000. Ciallóidh na tairseacha méadaithe seo go mbainfidh na mílte teaghlach breise leas as an Scéim Chúram Leanaí Náisiúnta nuair a sheolfar í ag deireadh 2019.

Faoin Scéim nua, déanfar asbhaintí breise ó ghlanioncam an iarratasóra agus a leibhéal fóirdheontais á chinneadh má tá níos mó ná leanbh amháin acu. (tugtar an Lascaine Ilpháiste air seo). Méadaíodh an méid atá le hasbhaint d'iarratasóirí a bhfuil beirt leanaí acu, agus dóibh siúd a bhfuil triúr leanaí nó níos mó acu i mBuiséad 2019. Beidh a leithead d'iarratasóirí i dteideal leibhéil níos airde fóirdheontais faoin Scéim anois.

Creat Faireacháin agus Meastóireachta NCS faofa

Faomhadh an Creat Faireacháin agus Meastóireachta don NCS i rith 2018. Tacóidh an Creat leis an measúnú na Scéime chun monatóireacht a dhéanamh ar cibé an éiríonn leis na cuspóirí a bhaint amach nó nach n-éiríonn.

Athchóiriú & Rannpháirtíocht an Óige

Súgradh agus Áineas

In 2018, rinneadh 29 láthair súgartha agus áiseanna i 26 Údarás Áitiúil a mhaoiniú faoin Scéim Deontais Caipitil um Súgradh agus Áineas chun tacú le háiseanna súgartha agus áineasa nua agus reatha do leanaí agus do dhaoine óga. Áiríodh leis seo soláthar saoráidí agus trealamh nua, le béim ar dhearadh nuálach agus úsáid spásanna súgartha neamhthraidisiúnta, chomh maith le athchóiriú ar áiseanna súgartha atá ann cheana féin.

Ina theannta sin, lean an Roinn ag tacú le Lá Súgartha Náisiúnta agus le Seachtain Áineasa Náisiúnta trí mhaoiniú a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla faoin Scéim an Lae Súgartha agus na Seachtaine Áineasa.

An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanáí agus Daoine Óga i gcinnteoireacht, 2015-2020

Leanann an Roinn le ról tábhachtach a imirt in iarrachtaí an Rialtais chun a chinntiú go mbíonn guth ag leanáí agus ag daoine óga i gcinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol.

Tiomsaíodh an Tríú Tuarascáil Bhliantúil ar Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta ar Rannpháirtíocht Leanáí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht, 2015-2020 in 2018 agus tá sé léirithe go bhfuil 93% de na gníomhartha comhaontaithe curtha i bhfeidhm nó i mbun a bheith curtha i bhfeidhm. Tá pictiúr dearfach de chur i bhfeidhm i ngach Roinn Rialtais agus Comhlacht Stáit léirithe sa Tuarascáil. Tá tús curtha le hathbhreithniú meántéarmach na Straitéise agus cuireadh tús le plean gníomhaíochta athbhreithnithe 2 bhliain do 2019 agus 2020. Tá líonra pointí teagmhála bunaithe ag an Roinn freisin ó Ranna Rialtais agus ó Chomhlachtaí Stáit a bhfuil gealltanais sa Straitéis acu chun rannpháirtíocht a fheabhsú agus fócas a choinneáil ar na gníomhartha tosaíochta. Tháinig an líonra le chéile faoi dhó i rith 2018 agus leanfaidh sé ar aghaidh ag buaileadh le chéile i rith 2019.

Guthanna Óga i gCinnteoireacht

Is lárionad sármhaitheasa na Roinne é Hub na nÓg bunaithe chun tacú le Ranna Rialtais, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha guth a thabhairt do leanáí agus do dhaoine óga i gcinntí a mbíonn tionchar acu ar a saol, agus é ag díriú ar leanáí agus ar dhaoine óga nach gcloistear uathu go minic. Tá Hub na nÓg tar éis roinnt príomhghníomhartha a chur chun cinn chun tacú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais ina gcuid oibre faoin Straitéis agus d'fhorbair agus sholáthair Hub na nÓg oiliúint in 2018 i gcomhar le:

- 1) Spórt Éireann do chúig chomhlacht agus eagraíocht spóirt náisiúnta;
- 2) An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cháilíocht Sláinte (HIQA) chun modhanna rannpháirtíochta a fhorbairt le húsáid in oiliúint ar an bpróiseas cigireachta;
- 3) An Chomhairle Ealaíon do Chomhpháirtithe Cruthaitheacha ceaptha chun tacú le Tionscnamh na Scoileanna Cruthaitheacha, atá mar chuid de Chlár Éire Ildánach na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Leanann an Roinn ag obair ar fud an Rialtais áitiúil agus náisiúnta chun struchtúir agus próisis a thógáil, a fhorbairt agus a chothabháil a chruthaíonn deiseanna rannpháirtíochta ar ardchaighdeán do leanáí agus do dhaoine óga, ag díriú go háirithe ar a chinntiú go gcuimsítear daoine óga nach gcloistear uathu go minic.

Agus í ag obair le Hub na nÓg, chomhoibrigh an Roinn ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm roinnt comhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga in 2018, lena n-áirítear comhairliúcháin ar:

- 1) an Plean Straitéiseach don Chomhairle Oidhreachta;
- 2) clár Cruinniú na nÓg;
- 3) Caighdeán Bhaile an Oibricigh;
- 4) guth an linbh in imeachtaí Uchtála;
- 5) próiseas athraithe do Chlár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána.

Comhairle na nÓg

Leanann Comhairle na nÓg le dul ó neart go neart i ngach údarás áitiúil le tacaíocht ó Chiste Forbartha Chomhairle na nÓg. Bronnadh €620,000 faoin gciste seo ar 31 údarás áitiúil in 2018 chun cabhrú le tacaíocht agus le forbairt leanúnach na heagraíochta seo. I mí na Bealtaine 2018 reáchtáladh imeacht do chomhordaitheoirí Chomhairle na nÓg. D'óstáil an ócáid seo 80 comhordaitheoir agus ba lá rathúil de líonrú agus de chuir i láthair é, agus cur i láthair cumhachtach tugtha ag Comhairle na nÓg Liatroma ar a bhfeachtas náisiúnta 'úsáid d'inchinn, ní do dhoirne'.

Thosaigh Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg a théarma dhá bhliain ar théama an Chomhionannais sa Scoil agus tá sé ag obair ar shraith treoirlínte do scoileanna ag díriú go príomha ar mhúinteoirí. Tagann an Feidhmeannas Náisiúnta le chéile dé Sathairn uair sa mhí sa Roinn chun a ghnó a chur chun cinn. Reáchtáladh Taispeántas Náisiúnta Chomhairle na nÓg an 22 Samhain i bPáirc an Chrócaigh agus 460 ball den Chomhairle i láthair. Thaispeáin baill ó gach ceann de na 31 Comhairle a gcuid oibre ón mbliain agus chuir siad in iúl conas a thugann siad guth chun cearta daoine óga a chosaint agus chun lucht déanta cinntí a chur ar an eolas ar fud na tíre maidir le saincheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga in Éirinn.

Leispiach Aerach Déghnéasach Trasinsneach Idirghnéasacha (LGBTI +) Straitéis Náisiúnta don Óige 2018-2020

Foilsíodh an Straitéis LGBTI + Náisiúnta don Óige 2018 - 2020 an 29 Meitheamh 2018 agus is í an chéad ceann dá cineál ar domhan. Is príomhghealltanais é mar chuid den Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta 2016 agus tá sé ag cur go mór le tiomantas níos leithne an Rialtais leanúint le hiarrachtaí maidir le daoine LGBTI + a chuimsiú go hiomlán i sochaí na hÉireann. Is Straitéis 3 bliana í atá dírithe go láidir ar an misean le chinntiú go bhfuil gach duine óg LGBTI + infheicthe, luachmhar agus curtha san áireamh. Le linn fhorbairt na Straitéise, chuathas i gcomhairle le beagnach

4,000 duine óg.

Tar éis fhoilsiú na Straitéise fógraíodh agus seachadadh sraith luathchéimeanna fheidhmithe. Fuair Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) maoiniú chun seirbhísí nua agus breise don óige a sholáthar chun dul i ngleic le bearnaí agus fuair 14 BOO maoiniú chun soláthar seirbhíse óige LGBTI + a mhapáil ag leibhéal BOO.

Dáileadh €156,388 ar bhearta forbartha acmhainní do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí gairmiúla óige, sláinte agus seirbhíse sóisialta. D'éirigh le 39 eagraíocht ar fud 16 contae ina n-iarratais ar thionscnaimh um Fhorbairt Acmhainní LGBTI + agus tá maoiniú faighte acu faoin scéim deontais, lena n-áirítear seirbhísí óige, ionaid acmhainní teaghlaigh, ionaid sláinte ghnéis, seirbhísí andúile, eagraíochtaí comhionannais, eagraíochtaí teiripe ealaíon agus eagraíochtaí an luchtá siúil. Tá roinnt eagraíochtaí náisiúnta san áireamh freisin, mar shampla Foróige, Youth Work Ireland, Gaisce, Focus Ireland, Crois Dhearg na hÉireann, Banóglaigh, LADT Éireann, BelongTo, Gendere, Orientation Sexual Health, VEID (GOSHH) agus Líonra Comhionannais Trasinscneach na hÉireann (TENI).

I mí na Nollag 2018, osclaíodh comórtas do dhaoine óga suas go 24 bliana d'aois chun greamán a dhearadh do raon leathan eagraíochtaí agus gnólachtaí le húsáid chun a dtacaíocht d'éagsúlacht, do chuimsiú agus do léiriú infheicthe tacaíochta poiblí do LGBTI + a dhearbhuí. Cuirfear an greamán i bhfeidhm in 2019.

Éire Ildánach

Lean an Roinn ag tacú le cur i bhfeidhm Phlean tras-Rialtais Éire Ildánach agus an Phlean don Óige Ildánach, a bhfuil sé mar aidhm acu cumas cruthaitheach gach linbh agus duine óg a chumasú. Cuimsíonn gealltanas na Roinne i bPlean don Óige Ildánach réimsí soláthair seirbhíse na Luathbhlianta, Gnóthaí Óige agus Rannpháirtíochta, agus cuimsíonn siad forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíochtaí díreacha do sheirbhísí freisin.

Trí Hub na nÓg, tá an Roinn ag tacú le tionscnaimh 'Guth an Linbh' thar raon gníomhartha sa Phlean; lena n-áirítear bonn eolais a thabhairt d'fhorbairt “Cruinniú na nÓg” - lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí, agus “Scoileanna Cruthaitheacha”. Cheap n Roinn Oifigeach Tionscadail Rannpháirtíochta don Óige Ildánach chuig Hub na nÓg chun tacú leis na Gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm.

Athchóiriú Gnóthaí Óige

Bhunaigh an Roinn Aonad Athchóirithe Gnóthaí Óige i mí an Mheithimh 2017 chun scéimeanna maoinithe don aos óg a athchóiriú chun tairbhe le daoine óga. Príomhthosaíocht de chuid an Aonaid Athchóirithe Gnóthaí Óige ná Moltaí an Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus an Bheartas um Scéimeanna Maoinithe Óige Spriocdhírthe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear scéim maoinithe óige spriocdhírthe aonair a dhearadh in ionad na ceithre scéim reatha. I mí Iúil 2018 thug an tAire coimre don Rialtas ar leagan amach ardleibhéil na Scéime Spriocdhírthe Maoinithe don Óige a thiocfadh in ionad an ceithre scéim reatha ó 2020. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus sraith shamplach forbairtí ina mbonn eolais suntasach le forbairt leagan amach na scéime nua. In 2018 reáchtáladh sraith comhairliúchán le bainisteoirí, le cleachtóirí, leis na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) agus le baill de Bhoird Bhainistíochta ó earnáil na seirbhísí don óige maidir le heolas faoin scéim nua. Ina theannta sin, maoiníodh 23 seirbhís samplach chun croí-chomhpháirteanna na scéime nua a thástáil agus béim ar leith ar ról na mBord Oideachais agus Oiliúna a bhreisiú mar chóras rialachais meánleibhéil agus sampláil a dhéanamh ar raon uirlisí maoirseachta feidhmíochta agus tomhas torthaí feabhsaithe. Déanfar na seirbhísí samplacha seo a chomhtháthú sa scéim nua ó 2020.

Cuireadh tionscnaimh chumarsáide éagsúla maidir leis an scéim nua i bhfeidhm in 2018. Áiríodh leis seo cruinnithe éagsúla le páirtithe leasmhara agus cuir i láthair ag fóraim ábhartha. Dhear agus scaip an Roinn nuachtlitir freisin faoin gclár athchóirithe agus fuarthas aiseolas dearfach.

Díríodh go suntasach ar thomhas laistigh den scéim nua freisin in 2018 agus chuige sin d'eisigh an tAire glao oscailte ar aighneachtaí maidir le roghanna tomhais i lár 2018. Cuireadh deireadh leis an nglao oscailte seo le 'Comhrá Tomhais' arbh imeacht dhá lá le príomhpháirtithe leasmhara i mí na Samhna 2018 é. D'fhreastail thart ar 200 gairmí agus duine óg ó BOO, ó Sheirbhísí don Óige agus ó Ranna Rialtais eile ar an ócáid agus fuarthas aiseolas dearfach. Déanfaidh an Grúpa Comhairleach Tomhais dul chun cinn ar thorthaí na hoibre seo chun eolas breise a thabhairt d'fhorbairt an phróisis forfheidhmithe scéime.

I rith 2018, d'oibrigh an Roinn leis an Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha freisin chun uirlis 'Próifíl Ceantair, Measúnú Riachtanas agus Riachtanas Seirbhíse' a fhorbairt le húsáid laistigh den Scéim nua Maoinithe Spriocdhírthe don Óige. Is é cuspóir na hUirlise ná measúnú córasach agus cainníochtaithe ar riachtanais a chumasú chun breithiúnais a threorú maidir le tosaíochtaí do sholáthar seirbhíse. Dá bhrí sin, is comhpháirt ríthábhachtach é i gcur chuige bunaithe ar fhianaise maidir le

soláthar seirbhísí atá dea-dhírithé do dhaoine óga. Comhdearadh an uirlis le 6 BOO.

Gnóthaí Óige

Clár don Oige

Ba é €58.9m i gcaiteachas reatha an buiséad iomlán don earnáil óige in 2018. Thacaigh an leibhéal maoinithe le seachadadh raon clár agus seirbhísí oibre óige ag earnáil na hoibre dheonaí don óige do gach duine óg, lena n-áirítear iad siúd ó phobail faoi mhíbhuntáiste.

In 2018 ba é €0.65m an leithdháileadh do Scéim Deontais na Seirbhíse Óige agus ba é €35.14m an leithdháileadh do sheirbhísí óige spriocdhírithé.

Cuireadh tús le 15 tionscadal nua nó breisithe i rith 2018 (8 nua agus 7 breisithe).

D'fhógair an tAire ciste nua de suas le €1 milliún do Thionscnamh Infhostaitheachta don Óige an 31 Deireadh Fómhair 2018. Is í aidhm an Tionscnaimh ná díriú ar dhaoine idir 16 agus 24 bliana d'aois, go háirithe daoine idir 16 agus 18 mbliana d'aois nach bhfuil fostaithe, in oideachas nó faoi oiliúint faoi láthair chun cabhrú leo dul i dtreo fostaíochta. Tá an Tionscnamh deartha go sonrach le tacú le tionscadail a chuireann béim ar bhreisíocht agus neamh-dhúbláil ar sheirbhísí soláthraithe ag tionscadail óige reatha.

In Aibreán 2018, d'fhógair an tAire scéim deontais chaipitil do thionscadail agus do sheirbhísí óige spriocdhírithé agus stiúrtha ag foirne ar fud na tíre chun tionscadail chaipitil bheaga a mhaoiniú, amhail uasghrádú seomraí folctha agus cistiní i seirbhísí óige. Bronnadh deontais €1.74m san iomlán.

Rialachas

Bhuail an Roinn leis na 5 eagraíocht a fuair an maoiniú ba mhó ón Scéim Deontais na Seirbhísí don Óige (YSGS) i samhradh 2018 agus, mar thoradh ar Thuarascáil an Iniúchta Inmheánaigh 2017 ar Scéim Deontais na Seirbhíse Óige a rinne Mazars, aontaíodh go mbuailfidís le chéile faoi dhó gach bliain ó 2019 amach chun Rialachas agus maoirseacht airgeadais a fheabhsú. Aontaíodh go bhféadfaí aon deacrachtaí airgeadais nó rialachais a d'fhéadfadh a bheith ag na heagraíochtaí a phlé ag cruinnithe amach anseo. Ba dheis iad gcrúinnithe 2018 freisin don Roinn a hionchais ó na heagraíochtaí a fhaigheann an YSGS a leagan amach.

I mí an Mhárta 2018, tháinig an tAire ar an eolas go raibh easnaimh sna socrúithe rialachais i Scouting Ireland. Bhí Roinn páirteach i gcomhairle a chur ar an Aire de réir mar a chuaigh cúrsaí

chun cinn i rith 2018, lena n-áirítear tuarascáil neamhspleách an Uasail Jillian van Turnhout a choimisiúnú agus maoirseacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm.

Rinne an Roinn maoirseacht ar fhorbairt leanúnach 21 Tionscadal Samplach de Scéim Maoinithe Athchóirithe don Óige. Lean an Roinn lena rannpháirtíocht leis na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna áitiúla (BOO) agus lena gcumann ionadaíoch náisiúnta, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (ETBI).

Rannpháirtíocht AE/Idirnáisiúnta maidir le Gnóthaí Óige

Lean an Roinn ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn ag Meitheal an Óige sa Bhruiséil, ag tacú le hobair Chomhairle Airí Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an AE (EYCS). D'éirigh le hUachtaránacht na hOstaire comhaontú a bhainistiú maidir le Cur Chuige Páirteach Ginearálta i ndáil leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021 go 2027 ag Cruinniú na Comhairle Óige an 26 Samhain 2018. Ina theannta sin, glacadh le Straitéis Óige nua an AE 2019-2027, dar teideal "Engaging, Connecting and Empowering young people" ag an gcruinniú sin. D'fhreastail ionadaithe ón Roinn ar chruinnithe Choiste chlár Erasmus + sa Bhruiséil in éineacht lena gcomhghleacaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Comhar Thuaidh-Theas

Mar cheann de na ranna cuntasacha do chomhpháirt um Leanaí agus Daoine Óga de chlár PEACE IV, leanann an Roinn ag obair le hoifigigh ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann chun tacú le saol daoine óga i dTuaisceart Éireann agus réigiún na teorann, ar bhonn trasphobail agus trasteorann. Lean an Roinn lena cuid freagrachtaí ar an gCoiste um Chaighdeáin Oideachais agus Oiliúna Thuaidh-Theas (NSETS) a chomhlíonadh. I ndiaidh athbhreithnithe ar an gCoiste NSETS, cuireadh théarmaí tagartha i gcrích i mí na Nollag 2018.

Clár C: Polasaí & Reachtaíocht

Réamhrá

Tá mar aidhm ag an gclár seo maoirseacht a dhéanamh ar phríomhréimsí polasaí, reachtaíochta agus comhoibriú trasearnála chun feabhas a chur ar shaol agus leas leanaí agus daoine óga. Infheistíodh thart ar €25 milliún chun na spriocanna seo a bhaint amach in 2018.

Reachtaíocht

Tá achoimre thíos ar an reachtaíocht a chuir an Roinn chun cinn in 2018:

Síníodh an **tAcht um Thacaíocht Cúram Leanaí 2018** ina dhlí i mí Iúil 2018. Tugann an tAcht an bonn reachtúil do bhunú na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí a thiocfaidh in ionad na gclár spriocdhírithé atá ann cheana don Luathfhoghlaim agus Cúram agus do Chúram Leanaí in Aois Scoile. Soláthróidh an scéim córas singil, éasca le rochtain ar fhóirdheontais airgeadais i dtreo chostas na Luathfhoghlama agus Cúraim agus i dtreo chostas Cúraim Leanaí un Aois Scoile do theaghlaigh in Éirinn.

Rinneadh dul chun cinn mór ar phróiseas dréachtaithe an **Bhille um Chúram Leanaí (Leasú)** in 2018. Is é príomhchuspóir an Bhille ná cinntiú go bhféadfar an tseirbhís Caomhnóra ad litem a sholáthar chun tairbhe an líon is mó leanaí agus daoine óga, ionas gur féidir a nguthanna a chloisteáil in imeachtaí cúraim leanaí agus go mbeidh an tseirbhís seo ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe as seo amach.

Leanadh le dul chun cinn an athbhreithnithe ar an **Acht um Chúram Leanaí 1991** i rith 2018. Fuair an Roinn breis agus 40 aighneacht scríofa ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Reáchtáil an Roinn roinnt comhairliúcháin réigiúnach le Tusla, chuaigh sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus le hoifigigh eile i ndlínsí comharsanachta agus d'fhorbair sí roinnt páipéar beartais.

Leanadh le hobair ar an **mBille Uchtála (Faisnéis agus Rianú) 2016**, mar ullmhúchán do Chéim an Choiste i Seanad Éireann, agus go háirithe maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha an Bhille chun comhsheasmhacht leis an **RGCS** agus leis an **Acht um Chosaint Sonraí 2018** a chinntiú.

Cuireadh i gcrích **Ionstraim Reachtúil (IR Uimh. 8/2018) - Rialacháin an Achta Uchtála 2010 (Clár Aitheantas Inscne na nUchtálacha Idirthíortha) (Táillí) 2018 agus IR Uimh. 7/2018 - Rialacháin an Achta Uchtála 2010 (Alt 85) (Táillí) 2018** agus tháinig siad chun feidhme i mí Eanáir 2018. Forordaítear leis na Rialacháin seo na táillí is gá a íoc chun cóipeanna/sleachta d'iontrálacha a fháil sa chlár d'aitheantas inscne ar uchtálacha idirthíortha agus ar Chlár na Leanaí Uchtaithe, faoi seach. Forordaíonn siad freisin na táillí chun innéacs na gClár a chuardach.

Cuireadh i gcrích **Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Seirbhísí in Aois Scoile a Chlárú)** agus tháinig siad chun feidhme i mí Feabhra 2019. Leagann na Rialacháin seo amach na riachtanais éagsúla ata le comhlíonadh ag duine a dhéanann iarratas le clárú le Tusla, An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, mar sheirbhís in aois scoile, agus ag daoine a thugann faoi seirbhísí aois scoile.

Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile

Is eilimint ríthábhachtach de *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014 – 2020* í cur chuige an Rialtais i gcoitinne. Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as cur i bhfeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* a chomhordú, ach tá na Ranna ábhartha fós freagrach as a ngealltanais aonair.

Leanadh le Cur i bhFeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ar fud an Rialtais agus lean gach gné den bhonneagar forfheidhmithe le buaileadh le chéile go rialta. Lean leanaí agus daoine óga le bheith páirteach sa phróiseas agus rinne Seirbhís Óige SWAN cur i láthair ag an gCuibhreannas um Beartas do Leanaí agus do Dhaoine Óga i mí Feabhra.

I Meitheamh 2018 cuireadh an t-athbhreithniú meántéarmach ar *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* i gcrích.

D'fhorbair an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* plean oibre in 2018 ina bhfuil réimsí tosaíochta le haghaidh dul chun cinn. I measc na réimsí seo bhí bochtaineacht leanaí, cosc agus luath-idirghabháil, easpa dídine, cearta agus combhionannas agus foghlaim agus forbairt. D'oibrigh an Roinn le hoifigigh ar fud an Rialtais chun na tosaíochtaí atá i bplean oibre na Comhairle Chomhairleach a chur chun cinn. Ceapadh Uas. Tanya Ward, POF an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí ina Cathaoirleach nua ar an gComhairle i mí Aibreáin, i gcomharba ar an Dr. Owen Keenan. Ina theannta sin, ceapadh cúigear ball nua ar an gComhairle i mí na Samhna.

Is ionann an Cuibhreannas um Beartas do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus an bhunchloch imbonneagar forfheidhmithe *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*. Tá sé de chúram ar an gCuibhreannas maoirseacht agus stiúradh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* laistigh de réimsí freagrachta éagsúla, trasna ranna, gníomhaireachtaí agus earnálacha.

An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

Chuir an Roinn maoiniú ar fáil don Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí in 2018 chun cuidiú leis an gComhghuaillíocht maidir lena glár oibre aontaithe 2018. Chabhraigh an Comhaontas leis an Roinn le hobair a fhorbairt ar leasuithe ar an Acht um Chúram Leanaí 1991, le haighneachtaí ar an Straitéis Náisiúnta um Luathbhlianta, an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí, agus le obair ar *Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus a straitéisí gaolmhara agus le Cur Chuige an Rialtais uile maidir le Bochtaineacht Leanaí i measc saincheistanna tábhachtacha eile. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí le fáil ar a láithreán gréasáin: <https://www.childrensrights.ie>.

Coistí Seirbhíse Leanaí agus Daoine Óga

Is príomh-bhunstruchtúr iad Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga atá aitheanta ag an Rialtas chun seirbhísí a phleanáil agus a chomhordú do leanaí i ngach contae in Éirinn. Tá 27 CYPSC bunaithe agus tá Comhordaitheoir Náisiúnta ann freisin. In 2018, rinne an Roinn, Tusla agus an Roinn Sláinte cómhaoiniú ar thionscnamh CYPSC.

Thug CYPSC faoi thionscadail éagsúla in 2018 agus fuair gach CYPSC maoiniú thart ar €38,000. Féach www.cypsc.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.

Bochtaineacht Leanaí

Leanadh leis an obair maidir le cur chun cinn fhreagairt an Rialtais Uile i leith líon na leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú. Ag tógáil ar an obair a rinneadh go dtí seo, lean an Roinn ag cur chun cinn na sé phríomhghníomhaíocht atá i bpáipéar an Rialtais Uile ar dhul i ngleic le bochtaineacht leanaí, i gcomhar leis an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta agus le Ranna Rialtais tábhachtacha eile. Tá sé réimse tosaíochta do ghníomhartha (atá sannta do Ranna Rialtais éagsúla) sainaitheanta sa phlean a eascraíonn as an bpáipéar seo, eadhon: 1) rochtain uilíoch ar chúram dochtúra a sholáthar dóibh siúd atá faoi bhun 18 mbliana d'aois; 2) costas an oideachais a

laghdú; 3) tithíocht; 4) cúram leanaí inacmhainne; 5) gníomhachtú saothair; agus 6) soláthar sochar inn-oibre. Le linn 2018, dhírigh an Roinn ar chúram leanaí inacmhainne.

I mí na Samhna 2018, rinne an tAire ceardlann ardleibhéil a óstáil inar díródh ar bhochtaineacht leanaí agus ina ndearnadh plé ar an gcaoi a bhféadfadh creat Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA cabhrú le deireadh a chur le bochtaineacht agus le hocras leanaí in Éirinn. Ba é an tOllamh Jeffrey Sachs, Comhairleoir Speisialta d'Ard-Rúnaí na NA ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe príomhchainteoir na hócáide. Ba é príomhthéama na ceardlainne ná an tábhacht le bochtaineacht agus ocra leanaí a dhíothú, chomh maith leis an ngá atá le hobair tras-Rialtais chun é seo a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn breise maidir le líon na leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht chomhsheasmhach a laghdú. Dhearbhaíodh é seo leis na sonraí SILC is déanaí (Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála), a d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí na Samhna 2018, agus laghdú ar an ráta comhsheasmhach bochtaineachta leanaí ó 10.9% in 2016 go 8.8% in 2017. Beidh sonraí 2018 ar fáil i Ráithe 4 2019.

Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh

D'eascair Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) as Tuarascáil Kieran Mulvey, a foilsíodh i mí Feabhra 2017. Bhí ceithre réimse tosaíochta do Lár na Cathrach Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath: dul i ngleic le coireacht agus drugaí, deiseanna oideachais/oiliúna a uasmhéadú agus fostaíocht áitiúil a chruthú, córas comhtháite seirbhísí sóisialta a chruthú, agus feabhas a chur ar an tírdhreach fisiciúil sa cheantar. Thug Tionscnamh NEIC breac-chuntas ar na gníomhartha ba chóir a dhéanamh chun cabhrú le hathbheochan an cheantair.

In 2018, thug an Roinn ceannaireacht leanúnach ar Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) agus ionchur suntasach don chlár oibre agus ar dhul chun cinn na gníomhartha Thuarascáil Mulvey. Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil NEIC ar a bhfuil bainte amach go dtí seo.

Clár Leanbaíochta bunaithe ar Cheantar

Is tionscnamh coiscithe agus luath-idirghabhála é an Clár Leanbaíochta bunaithe ar Cheantar (ABC) a dhíríonn ar infheistíocht i seirbhísí éifeachtacha chun torthaí do leanaí agus do theaghlaigh atá ina gcónaí i gceantair áirithe faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú.

I mí na Samhna 2017, chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tús le próiseas le páirtithe leasmhara chun roghanna a maidir le hobair an Chláir ABC a choinneáil ar siúl laistigh d'fhís nua do chlár

coiscthe agus clár luath-idirghabhála pobalbhunaithe ó 2019 agus ina dhiaidh sin. Tar éis na gcomhairliúchán seo, cinneadh an Clár reatha ABC a aistriú go Tusla, mar chuid den Chlár um Chosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht do Theaghlaigh (PPFS).

Rinne an Roinn bainistiú ar dheireadh an bhunchláir ABC agus an t-aistriú go Tusla ón 1 Meán Fómhair 2018. Chuir an Roinn tús le hathdhearadh an chláir i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus bhunaigh sí meitheal oibre chun comhairle a thabhairt maidir le socruithe idirthréimhseacha agus dearadh an chláir as seo amach. Fuarthas maoiniú chun leanúint leis an gClár ABC in 2019 agus foilsíodh tuarascáil mheastóireachta náisiúnta deiridh ar an gClár ABC i mí na Samhna 2018, ina bhfuil tionchar dearfach an chláir i dtorthaí a fheabhsú do leanaí agus do theaghlaigh léirithe.

Beartas Uchtála

Cuireadh tús leis an Acht Uchtála (Leasú) 2017 i nDeireadh Fómhair 2017. Is é príomhchuspóir an Achta éifeacht a thabhairt d'Airteagal 42A (Leanaí) den Bhunreacht, a mhéid a bhaineann sé le huchtáil. Is ceann de phríomhfhorálacha an Achta sin é go gcaithfidh Údarás Uchtála na hÉireann nó an chúirt a chinntiú go lorgófar tuairimí an linbh agus go dtabharfar aird chuí ar thuairimí an linbh ag féachaint d'aois agus d'aibíocht an linbh.

In 2018, chríochnaigh an Roinn comhairliúchán le leanaí agus le daoine óga uchtaithe nó atá ag dul trí phróiseas uchtála faoi láthair chun a dtuairimí a lorg maidir leis an gcaoi ar mhaith leo a dtuairimí a léiriú ina n-imeachtaí uchtála os comhair an Údaráis Uchtála nó na cúirte chun bonn eolais a thabhairt do dhréachtú rialachán faoin Acht.

Ghlac an tAire freisin le leasú ar an reachtaíocht sa Seanad chun tús a chur le hathbhreithniú agus le comhairliúchán, tráth nach déanaí ná 10 mí tar éis an tAcht a rith, maidir le tabhairt isteach féideartha na huchtála oscailte nó leath-oscailte in Éirinn. Chuir an tAire tús leis an bpróiseas seo an 17 Bealtaine 2018.

Cuimseoidh an t-athbhreithniú comhairliúchán poiblí chomh maith le hanailís dlí agus beartais. Cuirfear tuarascáil ar thorthaí an athbhreithnithe faoi bhráid Thithe an Oireachtais tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis dó tosú, .i. roimh an 15 Samhain 2019.

Pléann an Roinn le hÚdarás Uchtála na hÉireann trí chruinnithe rialta agus tuairisciú foirmiúil ar chúrsaí rialachais maidir lena ceanglais reachtúla faoin Acht Uchtála 2010 agus an Cód Cleachtas um

Rialachas i gComhlachtaí Stáit 2016. Rinneadh an comhaontú maoirseachta idir an Roinn agus Údarás Uchtála na hÉireann, a nua shonrú mar a éilítear sa Chód, in 2018.

Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar leasuithe ar an mBille Uchtála (Faisnéis agus Rianú), 2016, go háirithe chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le forálacha príobháideachais agus scaoileadh faisnéise a chur san áireamh.

I mBealtaine 2018, d'fhógair an tAire gur aimsíodh fianaise ar chlárúcháin neamhdhleathacha i gcomhaid iar-chumainn uchtála, Cuallacht Naomh Pádraig. Thug sí le fios go gcuirfeadh Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach tús leis an bpróiseas chun teagmháil a dhéanamh leis na daoine lena mbaineann na 126 cás dearbhaithe de chlárú breitheanna neamhdhleathacha. Is éard atá i gceist le clárú neamhdhleathach ná nuair a chuirtear leanbh le lánúin nó le duine nach é an tuismitheoir é, ach ansin cláraítear an bhreith amhail is gur rugadh an leanbh don lánúin nó don duine sin. I bhfianaise na fionnachtana seo, d'ordaigh an tAire go ndéanfaí anailís ar shampla de chomhaid atá faoi choimeád ag an Stáit (m.sh. le Tusla nó Údarás Uchtála na hÉireann). Tá Tusla agus Údarás Uchtála na hÉireann ag déanamh anailíse ar thaifid, agus déanann Athbhreithneoir Neamhspleách, Marion Reynolds, Iar-Leas-Stiúrthóir na Seirbhísí Sóisialta i dTuaisceart Éireann, maoirseacht air. Tháinig an grúpa athbhreithnithe le chéile den chéad uair i samhradh 2018 agus lean an obair ar aghaidh i rith na bliana. Tá an tuarascáil deiridh le cur faoi bhráid an Aire in 2019.

Árais Mháithreacha agus Naíonán

Tugadh tacú don an gCoimisiún Imscrúdaithe (Árais Máithreacha agus Naíonán agus nithe eile a bhaineann le hábhar) chun a imscrúduithe neamhspleácha a chur chun cinn de réir a théarmaí tagartha. Chuir an Coimisiún a Cheathrú Tuarascáil Eatramhach faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí na Nollag 2018.

Mar fhreagra ar fhionnachtain an Choimisiúin maidir le hiarsmaí daoine óga ag suíomh iar-Áras Máithreacha agus Naíonán, i dTuaim, Co. na Gaillimhe, fuair an tAire ceadú Rialtais le haghaidh clár céimnithe tochailte, dí-adhlactha agus sainaitheanta. Thacaigh an cleachtas is fearr leis an gcur chuige seo maidir le sainchomhairle theicniúla agus chearta an duine agus, níos tábhachtaí ná sin, bhí sé treoraithe ag guthanna marthanóirí, teaghlach agus an phobail áitiúil i dTuaim. Foilsíodh tuarascálacha saineolacha ábhartha agus toradh comhairliúcháin éascaithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Bunaíodh Fóram Comhoibríoch Iar-Chónaitheoirí i mí Iúil 2018 mar fhreagra forásach ar an téama “nothing about us without us” rud a tháinig chun cinn ó chomhairliúcháin le hiar-chónaitheoirí na n-institiúidí seo. Ceapadh an Fóram chun cur ar chumas iar-chónaitheoirí cuidiú go gníomhach le réitigh a fhorbairt maidir le hábhair inní dóibh agus dá dteaghlaigh. Ceapadh ballraíocht an Fhóram tar éis glao phoiblí ar léiriú spéise agus i ndiaidh próiseas roghnóireachta neamhspleách. Ba éacht mór don Fhóram é a chéad tuarascáil a chur isteach i mí na Nollag 2018 agus léiríonn sé an dian-infheistíocht a rinne rannpháirtithe sa chur chuige nua seo maidir le hidirphlé agus le rannpháirtíocht.

Taighde agus Measúnú (REU)

Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI)

In 2018, rinne an Roinn bainistiú agus dul chun cinn ar Ag Fás Aníos in Éirinn: An Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí (GUI) atá, ó 2006 i leith, tar éis dhá chohórt leanaí a rianú chun críocha staidéar a dhéanamh ar fhachtóirí a chuireann le leas nó a bhaineann de leas páistí i dteaghlaigh chomhaimseartha na hÉireann. Tá tuilleadh eolais ar GUI le fáil ag <https://www.growingup.ie>.

Staitisticí

Sheol an Roinn an tSraith Spotsolas Staitistiúil, sraith foilseachán gearr dírithe ar thopaicí áirithe a úsáideann sonraí staitistiúla atá ar fáil chun treochtaí nó patrúin a aibhsiú. Ar na torthaí staitistiúla eile a tharla in 2018 bhí:

- Tuarascáil ar riachtanais sonraí na Roinne curtha i gcrích.
- Dul chun cinn na hoibre ar thuarascáil modheolaíochta do '*foireann táscairí do Thorthaí níos fearr Todhchaí níos gile*' agus dí-chomhbhailiú breise na sonraí a bhí sa tuarascáil sin ar dtús.
- Dul chun cinn maidir le hathrú agus nuachóiriú ar scaipeadh an fhoilseacháin 'State of the Nation's Children' ó shraith dhébhliantúil de chóipeanna crua chuig doiciméad 'beo' a bheidh ar fáil ar líne agus a thabharfar cothrom le dáta go huathoibríoch de réir mar a bhíonn sonraí nua ar fáil i formáid atá éasca le húsáid agus a chomhlíonann riachtanais Sonraí Oscailte.
- Tionscnamh Pathfinder a thosú chun staidéar GUI a nascadh le sonraí riaracháin coinnithe i Lárionad Sonraí Riaracháin (ADC) na Príomh-Oifige Staidrimh. Tabharfaidh sé seo léargas breise ar shaol na ndaoine sa staidéar GUI agus ar a n-idirghníomhú leis an Stát.

Measúnú

Rinneadh measúnú ar réimsí beartais agus scéimeanna éagsúla a riarann an Roinn, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú caiteachais ar an Scéim Náisiúnta um Chúram Leanaí a foilsíodh mar Mheasúnú Beartais Dírithe.
- Dul chun cinn ar Mheasúnú Beartais Dírithe ar íocaíocht Chaipitíochta Níos Airde um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), le cur i gcrích in 2019.

Cuireadh Clár Oiliúna Meastóireachta Goal-urraithe na Roinne chun cinn i rith 2018, le seachadadh an chéad phíolóta agus scagadh ar ábhar don dara píolóta, a chuirfear ar fáil go luath in 2019. Tá an clár seo mar chuid de Chlár Goal um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann cuirfear samhail ar fáil d'oiliúint mheasúnaithe ar fud na Státseirbhíse.

An Clár Ó Fhianaise go Beartas (EIPP)

Chuir an Roinn tús le cúig thionscadal taighde um thosaíocht beartais faoin gClár 'Ó Fhianaise go Beartas' a bhfuil sé mar aidhm aige riachtanais straitéiseacha taighde agus fianaise na Roinne a chomhlíonadh, agus tacú leis an timthriall taighde-go-beartas. I measc na dtionscadal inseachadta a cuireadh i gcrích in 2018 bhí:

- Athbhreithniú litríochta agus sonraíochtaí deartha taighde molta le haghaidh píolótach chun Rannpháirtíocht agus Críochnú Scoile mac léinn an Luchta Siúil agus Romach a fheabhsú, don Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Luchta Siúil agus na Romach (NTRIS). curtha i gcrích
- An próiseas riaracháin a mhapáil chun sparánacht a íoc le cleachtóirí réamhscoile a ghlac páirt sa scéim oiliúna um fhorbairt ghairmiúil leanúnach bainteach le AIM.
- Suirbhé ag lorg tuairimí na gcleachtóirí réamhscoile a ghlac páirt i scéim oiliúna forbartha gairmiúla leanúnaí AIM eisiithe.
- Iarratas forlíontach ar thairiscintí maidir le taighde dhá chéim agus anailís ar bhearnaí sonraí chun tacú le cur i bhfeidhm fianaise-bhunaithe na Straitéise Náisiúnta Óige LGBTI +.
- Trí ghlaoch COALESCE na Comhairle um Thaighde in Éirinn, togra le haghaidh staidéir ar haghaidh “*Understanding pathways to involvement in criminal and/or anti-social behaviour among young people*” ag úsáid sonraí GUI.
- Tús curtha le riachtanais scópála le haghaidh staidéar coimisiúnaithe chun cás bunlíne ionadaíoch náisiúnta a bhunú maidir le féin-choincheapadh; braistintí; cleachtais; agus tuairimí na dtuismitheoirí san 21ú haois, maidir le tacaíochtaí tuismitheoireachta agus riachtanais tacaíochta.

Bhunaigh an Roinn aonaid chorporáideacha le freagracht shonrach as TFC, Cosaint Sonraí agus Soláthar.

Rialachas Corparáideach

Bainistiú Riosca

Tá sé i gceist ag an Roinn go mbeidh iompraíocht agus próisis faoi stiúir na bainistíochta mar chuid dá Straitéis Riosca chun cabhrú linn ár gcuspóirí oibríochta agus straitéiseacha a bhaint amach. Leagann Creat Rialachais na Roinne síos an cur chuige ginearálta maidir le Bainistíocht Riosca mar chuid de chóras rialaithe inmheánach agus bainistíocht gnó. Coimeádann RLGÓ taifead láraithe de rioscaí i gClár Rioscaí. Is uirlis príomha é an Clár chun rioscaí a rianú, agus tá an córas is deireanaí le fáil ann maidir le rioscaí agus stádas gníomhartha chun riosca a mhaolú.

Feidhmíonn an Bord Bainistíochta iomlán mar Choiste Riosca na Roinne. Is ag an Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta atá bunfhreagracht do Bhainistíocht Riosca, mar chuid den chóras rialaithe inmheánach. Bhuail an Coiste Riosca le chéile ceithre uair i 2017 chun:

- Maoirseacht a dhéanamh ar chóras Bainistíocht Riosca sa Roinn, agus Bainistiú Riosca a chur i bhfeidhm go daingean tríd an Roinn;
- Rioscaí Corparáideacha a phlé agus athbhreithniú a dhéanamh ar a mbainistíocht;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha faoi rioscaí ardscóir sna réimsí MB, agus plé a dhéanamh ar bhearta bainistíochta agus maolaithe agus an bhfuil siad oiriúnach agus ceart.

Rialachas Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Bíonn an caidreamh idir Ranna Rialtais agus comhlachtaí atá faoin gcoimirce ag brath go príomha ar:

- an reachtaíocht ar ar bunaíodh an comhlacht; agus,
- na ceangail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is iad na comhlachtaí poiblí atá maoinithe ag Vóta na Roinne agus ar a bhfuil an tArd-Rúnaí ina Oifigeach Cuntasaíochta ná:

- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ('Tusla'), bunaithe in Eanáir 2014 faoin Acht fán Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013;
- An tÚdarás Uchtála na hÉireann, bunaithe i Samhain 2010 faoin Acht Uchtála 2010;
- Oifig an Ombudsman do Leanaí, bunaithe in 2004 faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002; agus
- Scoileanna Coinneála Leanaí bunaithe faoin Acht um Leanaí 2001.

Cuireann an Roinn an chuid is mó den mhaoiniú ar fáil do Gaisce, Gradam an Uachtaráin. Is comhlacht teoranta é Gaisce a bunaíodh faoi Acht na gCuideachtaí.

Go ginearálta, is é an t-aonad nó an rannóg ábhartha laistigh den Roinn a bhainistíonn an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoi seach atá faoina coimirce, cúrsaí rialachais san áireamh. Cuimsítear leis seo maoirseacht ar fheidhmeanna an chomhlachta agus na freagrachtaí faoi seach atá ag an Aire, an tArd-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta, an Bord agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Áirítear freisin gach tacaíocht pharlaiminte a fhaigheann an tAire ar chúrsaí a bhaineann le rialachas an chomhlachta.

Bíonn difríochtaí idir an caidreamh a bhíonn ag an Roinn leis na comhlachtaí éagsúla faoina coimirce, a bhraitheann ar shaghas agus ar scála na hoibre atá ar bun ag gach comhlacht agus an reachtaíocht a rialaíonn é.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

An bunchuspóir atá ag Aonad Iniúcháireachta Inmheánach na Roinne ná ráthaíocht neamhspleách, oibiachtúil a sholáthar maidir le córas rialaithe inmheánach agus seirbhísí comhairliúcháin a bhfuil mar aidhm acu luach airgid a fháil agus oibríochtaí na Roinne a fheabhsú. Cabhraíonn sé leis an Roinn a cuspóirí a bhaint amach trí cur chuige córasach disiplíneach a úsáid, chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh éifeachtach is atá an bhainistíocht riosca, an rialachas agus an próiseas rialachais, agus chun feabhas a chur orthu.

Tá ról neamhspleách ag Coiste Iniúcháir na Roinne laistigh den Roinn chun maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le feidhmiúchán agus forbairt feidhme iniúcháir inmheánach agus rialaithe gnó, rialachais agus le timpeallacht an bhainistithe riosca. Bhuail an Coiste le chéile ar chúig ócáid in 2018.

Cuirtear tuarascálacha iniúcháir inmheánacha atá críochnaithe ar aghaidh go dtí an tArd-Rúnaí, an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúcháir. In 2018, cuireadh ceithre thuarascáil déag dá leithéid ar aghaidh go dtí an Coiste Iniúcháireachta, agus pléadh iad ina gcruinnithe:

- Tuarascáil Inmheánach ar Theagmhas Gadaíochta
- Beartas agus Próiseas Bainistíochta Riosca sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Athbhreithniú ar Shocruithe Rialachais maidir le Tusla
- Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Moltaí maidir le Nósanna Imeachta um Bosca Macántachta
- Athbhreithniú ar Imréiteach Bainc, Mionairgid & Rialuithe CC

- Próisis agus Rialuithe Soláthair
- Athbhreithniú Deisce ar Bheartais agus ar Nósanna Imeachta Airgeadais Doiciméadaithe
- AIM (Samhail Rochtana agus Cuimsithe)
- Iniúchadh Idirbhirt
- Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (CLSanna) le haghaidh Socruithe Coimisiúnaithe - Clár ABC (Óige-Bhunaithe ar Cheantar)
- CLS le haghaidh Socruithe Coimisiúnaithe - Luathbhlianta
- CLSanna le haghaidh Socruithe Coimisiúnaithe - Eagraíochtaí agus Seirbhísí don Óige
- ECCE agus Ardán Forfheidhmithe Cláir (PIP) Athbhreithniú leantach Ardleibhéal ar thuarascálacha 2014 agus 2015
- Athbhreithniú ar Leanúnachas Gnó agus ar Bhainistíocht Athshlánaithe ó Thubaistí Teicniúla

Is mír sheasta í an Bhainistiú Riosca ar chlár an Choiste Iniúcháireachta, agus tugadh roinnt moltaí do Choiste Riosca na Roinne i rith na bliana. I rith 2018 lorg agus fuair an Coiste Iniúcháir cur i láthair ó cheannairí aonaid gnó RLGÓ éagsúla agus de réir atá leagtha síos ina chairt, bhail sé leis an bhfoireann iniúcháireachta sheachtrach ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Acmhainní Daonna agus Foghlaim agus Forbairt

In 2018, thacaigh an Roinn le:

- Le Tusla le raon cúrsaí AD lena n-áirítear forbairt Phlean Oibre Straitéiseach Ilbhliantúil Tusla, imeacht POF Tusla agus teagmháil le páirtithe leasmhara oideachais maidir le soláthar céimithe a bhfuil cáilíochtaí acu i réimse na hoibre sóisialta;
- Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh maidir le roinnt cúrsaí casta AD a bhaineann le téarmaí agus coinníollacha ar an gCampas; agus
- Oifig an Ombudsman do Leanaí agus Údarás Uchtála na hÉireann le raon cúrsaí AD a bhaineann le saincheisteanna earcaíochta agus téarmaí agus coinníollacha a gcuid foirne.

In 2018, chuir an Roinn lena soláthar deiseanna foghlama agus forbartha don fhoireann. Tugadh tosaíocht do dheiseanna foghlama agus forbartha trí riachtanais chorparáideacha, aonaid agus phearsanta a aitheanta chun tacú le spriocanna agus chuspóirí na Roinne a bhaint amach. Bhí an

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta ina chuid riachtanach de phleanáil riachtanais foghlama agus forbartha i rith 2018. Bhí méadú suntasach ar líon na n-idirghabhálacha oiliúna a cuireadh ar fáil in 2018. Cuireadh deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil i réimsí ar nós RGCS, scileanna éascaithe, éagsúlacht agus claontacht neamh-chomhfhiosach, rialachas corparáideach, soláthar, agus dínit san ionad oibre. Lean an Roinn ag tacú le One Learning, an múnla chomhroinnte láraithe maidir le foghlaim agus forbairt sa státseirbhís. D'fhreastail an fhoireann ar raon cúrsaí One Learning ar ábhair ar nós TFC, riosca, forbairt bainistíochta agus bainistíocht tionscadail.

D'earcaigh an Roinn 55 ball foirne nua in 2018, agus b'ionann sin agus thart ar 20% de na fostaithe sa Roinn. Fuair 13 fostaí nó 5% den fhoireann iomlán ardú céime trí chomórtais inmheánacha nó sheachtracha. Cuireadh roinnt comórtas earcaíochta speisialaithe seachtrach i gcrích freisin chun cur le scileanna na Roinne.

Chuir an Roinn tús freisin le roinnt clár píolótach lena n-áirítear Clár Meantóireachta agus Traenála inar sannadh thart ar 80 fostaí mar mheantóirí agus mar mheantaithe.

Ag leanúint ó fhoilsiú thorthaí Suirbhé Rannpháirtíochta na bhFostaithe 2017, thug an Roinn cuireadh do gach fostaí de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige dul i mbun comhairliúcháin a raibh forbairt Plean Gníomhaíochta mar thoradh orthu, agus a chuir bonn eolais faoi fhorbairt Straitéis Daoine 2019 - 2021 an RLGÓ, a tugadh chun críche in 2018 .

Bainistiú Taifead agus Ábhar

Aistríodh taifid ar pháipéar chun stóráil dhaingean lasmuigh, rud a fheabhsaíonn slándáil agus rochtain. Tá tús curtha le pleanáil do chóras nua bainistíochta um ábhar leictreonach.

Bainistíocht Áiseanna

Ba cheann de na tionscadail inmheánacha ba mhó a rinne an Roinn in 2018 é an t-aistriú rathúil ó Cheanncheathrú na Roinne ar Bhóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4 go foirgneamh nua saintógtha i bPlaza Miesach Plaza, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 i mí Bealtaine 2018. Ba toradh na míonna fada de phleanáil chúramach é seo agus rinneadh é gan cur isteach ar ghnó ná ar sheirbhísí.

Aguisín I

Dualgas na hEarnála Poiblí

Aithníonn an Roinn an dualgas dearfach a fhorchuirtear uirthi le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas aird a thabhairt ar chearta an duine agus ar chomhionannas i bhfeidhmiú a feidhmeanna.

Faoi Alt 42, déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá le -

(a) deireadh a chur le hidirdhealú,

(b) comhionannas deiseanna agus íde dá fhoireann agus do na daoine a sholáthraíonn sé seirbhísí dóibh a chur chun cinn, agus

(c) cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh a chosaint.

Cuimsíonn ár gcuid oibre macnamh réamhghníomhach ar chomhionannas agus ar chearta daonna leanaí agus daoine óga i bhforbairt beartais agus reachtaíochta. I measc samplaí de seo tá an tSamhail Rochtana agus Cuimsithe do leanaí atá faoi mhíchumas chun go mbainfidh siad leas as seirbhísí réamhscoile; rannpháirtíocht le hionadaithe phobal an Luchta Shiúil agus na Romach chun rannpháirtíocht leanaí na bpobal sin i seirbhísí réamhscoile a mhéadú; agus an Straitéis Náisiúnta LGBTI + don Óige 2018 - 2020.

Tá an Roinn tiomanta do dhínit agus meas na foirne atá ag obair don Roinn a chosaint. Tacaíonn agus feidhmíonn an Roinn le Beartas Dínite ag an Obair de chuid na Státseirbhíse a bhfuil sé mar aidhm aige meas, dínit, sábháilteacht agus comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre. Cuirtear in iúl do gach ball foirne nach féidir glacadh le haon chineál bulaíochta, ciaptha ná ciaptha gnéis agus go bhfuil dualgas ar gach ball foirne iad féin a iompar ar bhealach inghlactha agus measúil.

Inár bPlean Gníomhaíochta agus Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí, tugaimid ár ngealltanais dár gcustaiméirí. Comhlíonaimid iad seo trí -

- an tseirbhís agus an chomhairle is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí;
- chaitheamh le custaiméirí ar bhealach atá cuí, cothrom, neamhchlaonta agus cúirtéiseach;
- fhéachaint lena chinntiú go gcloítear le cearta maidir le híde comhionann mar atá leagtha amach ag reachtaíocht chomhionannais i seachadadh ár seirbhísí; agus
- iarracht a dhéanamh, más féidir, freastal ar aon riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith ag ár gcustaiméirí.

Aguisín II

Foilseacháin in 2018

- An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Leanaí Óga agus dá dTeaghlaigh, 2019-2028
- An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Leanaí, Leanaí Óga agus dá dTeaghlaigh, 2019-2028 (Achoimre)
- An Chéad 5, Tuarascáil ar an gComhairliúchán Náisiúnta le Leanaí Óga
- Achoimre Feidhmiúcháin ar Institiúid Taighde Mheiriceá (AIR)
- Tuarascáil um Obair Ógra na hInstitiúide Taighde Mheiriceá (AIR)
- An Tuarascáil Deiridh ar Chreat Chaighdeán Cháilíochta Náisiúnta (CCCN)
- Ceisteanna um Chearta an Duine Ag Láithreán Iar Áras na Máithreacha agus Naíonáin, Tuaim, Co. na Gaillimhe
- Struchtúr Clainne agus Teaghlaigh In Éirinn
- Tuarascáil Bhliantúil na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ), 2017
- Nuashonrú Míosúil ar Shaincheisteanna a bhaineann le hÁrais Mháithreacha agus Naíonáin, Feabhra 2018
- Tuairisc ar chomhairliúcháin le leanaí agus daoine óga ar Cruinniú na nÓg
- Tuarascáil Comhairliúcháin LGBTI +
- Straitéis LGBTI + - Achoimre

- Nuashonrú Míósúil ar Shaincheisteanna a bhaineann le hÁrais Mháithreacha agus Naíonáin, Márta 2018
- Comhairliúchán ar na Roghanna agus Cúrsaí Cuí Gníomhaíochta atá ar fáil don Rialtas maidir le suíomh na n-iar-Áras Máithreacha agus Leanaí
- Straitéis Náisiúnta LGBTI + don Óige, 2018-2020
- Anailís Timpeallachta: Athbhreithniú ar an litríocht agus ar na sonraí ábhartha chun fhorbairt na Straitéise Náisiúnta LGBTI + don Óige 2018-2020 a stiúradh
- Grúpa um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh - Moltaí De réir Téamaí
- Grúpa um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh - Forléargas ar na Téamaí
- Grúpa um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh - Tuarascáil Eatramhach
- Plean Gníomhaíochta Nuashonraithe ón nGrúpa um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
- Aguisín A: Grúpa um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh - Plean Gníomhaíochta
- Tuarascáil Deiridh an Ghrúpa G um fheidhmiú an athbhreithnithe ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh
- Athbhreithniú ar Scouting Ireland
- Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-rannach Thús Áite do Leanaí 2017

- Scouting Ireland: Téarmaí Tagartha
- Seirbhísí Lasmuigh d'Uaireanta Gnó
- Nuashonrú Míosúil ar Shaincheisteanna a bhaineann le hÁrais do Mháithreacha agus Naíonáin, Iúil 2018
- Ráiteas um Chosaint Leanaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige
- Plean Forfheidhmithe Earnála Thús Áite do Leanaí
- Grúpa Fócais na Comhairle Comhairliúcháin ar Athbhreithniú Lárthearma BOBF
- Nuashonrú Míosúil ar Shaincheisteanna a bhaineann le le hÁrais do Mháithreacha agus Naíonáin, Lúnasa 2018
- Athbhreithniú ar chigireacht dírithe ar oideachas na luathbhlianta: Aibreán 2016, Meitheamh 2017
- Tuarascáil Deiridh an Chláir Óige bunaithe ar Cheantair (ABC)
- Aguisíní Thuarascáil Deiridh an Chláir Óige bunaithe ar Cheantair (ABC)
- E-zine Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile
- Athbhreithniú Lárthearma ar Thorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile
- Ag Fás Aníos in Éirinn: Saol na leanaí 13 bliana d'aois
- Príomhthorthaí Ag Fás Aníos in Éirinn: Cohórt '08 ag 9 mbliana d'aois:

Uimh 1. Leanaí 9 mbliana d'aois agus a dteaghlaigh.

Uimh 2. Scoil agus foghlaim

Uimh 3. Sláinte agus forbairt fhisiciúil

Uimh. 4. Caidrimh agus folláine shoch-mhothúcháin

Aguisín III

Achoimre ar Úsáid Fhuinnimh in 2018

Sa mhír seo leagtar amach úsáid fhuinnimh sa Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige in 2017 agus na céimeanna a tógadh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Déantar tuairisceáin don Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar bhonn bliantúil agus tá sonraí maidir lenár bhfeidhmíocht in 2018 le fáil thíos.


Ní mór do Ghníomhaireachtaí na Roinne tuairisc a thabhairt do SEAI maidir lena gcuid ídiú fuinnimh féin agus ní áirítear an fhaisnéis sin sna figiúirí seo.

Suíomh/Bliain	Leictreachas kWH	Gáis Kwh	Iomlán kWH	Iomlán kWH/FTE
Ceanncheathrú, Bóthar Mespil / Plaza Miesach Sráid Bhagóid.				
2018	389,543	394,521	784,064	2938.57

Ba é an príomhthionscnamh lena raibh baint ag an Roinn in 2018 ná an pháirt a ghlac sí i bhfeachtas Oifig na nOibreacha Poiblí Optimising Power@work. Bhí cruinnithe ráithe le hionadaithe ó Aramark chun torthaí a glár monatóireachta a phlé, agus comhairle a fháil maidir le conas is fearr tuilleadh laghdaithe ar ídithe fuinnimh a bhaint amach.

AguisínIV

An Bord Bainistíochta



*Oifigí Poiblí Ainmnithe faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Tá 27 Aonad sa Roinn agus Príomhoifigeach nó grád comhionann i gceannas orthu. Leagtar amach réimsí freagrachta eagraithe de réir feidhme chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach i struchtúr eagraíochta na Roinne atá foilsithe ar Láithreán gréasáin na Roinne.

Aguisín V

Comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Comhlachtaí faoi Choimirce na Roinne agus an Choimisiúin ghaolmhair

**Tusla, an Ghníomhaireacht
um Leanaí agus an Teaghlach**
Fred McBride*
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Ceantar Heuston Theas,
Bóthar Eoin Thoir,
Cill Mhaighneann, BÁC 8
Ó Dheireadh Fómhair 2018
Pat Smyth, Eatramhach POF

Údarás Uchtála na hÉireann
Patricia Carey
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Teach Shelbourne
Bóthar Shelbourne
BÁC 4.

Scoileanna Coinneála Leanai
Pat Bergin
Bainisteoir Champas
Baile an Oibrígh
Lusca
Co. Bhaile Átha Cliath

**Oifig an
Ombudsman do Leanai**
Niall Muldoon
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Móire,
Baile Átha Cliath 1.

**Coimisiun Fiosrúcháin
Árais Máithreacha
agus Naíonán**
(& nithe eile a bhaineann le hábhar)
An Breitheamh Yvonne Murphy
73 Sr Bhagóid Ioch.
Baile Átha Cliath 2.

Gaisce, Gradam an Uachtaráin
Yvonne McKenna
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Teach Ratra House, Bóthar
Thuaidh
Páirc an Fhionnuisce
Baile Átha Cliath 8.